


100% Cúram Sláinte



Vhi um Chúram Sláinte
Tuarascáil Bhliantúil
& Cuntais 2009





Clár Ábhair

Sonraí na Cuideachta	2
Staitisticí Oibríochta	3
Bord Stiúirthóirí	4
Athbhreithniú an Chathaoirligh	6
Athbhreithniú na nOibríochtaí	12
Foireann Bhainistíochta	
Feidhmiúcháin	22
Tuarascáil na Stiúirthóirí	24
Tuarascáil na nIniúcháirí	30
Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta	32
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais	36
Clár Comhardaithe	37
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid	38
Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlána	38
Nótaí do na Cuntais	39
Torthaí Comparáideacha	54
Gailearaí na nIhmeachtaí 2009	56

Tá Vhi um Chúram Sláinte tiomanta go hiomlán na seirbhísí cúraim sláinte a sholáthar atá de dhíth ar ár gcustaiméirí inniu agus amach anseo.

Is í an díograis seo a chinntíonn go bhfuilimid **100% cúram sláinte.**

Sonraí na Cuideachta

Príomhbhaincéirí

Banc AIB cpt
Banc na hÉireann

Iniúcháirí

Deloitte & Touche

Aturnaetha

McCann Fitzgerald

Achtúirí Comhairleacha

Watson Wyatt LLP

Oifigí ar oscailt

10rn-4in
Luan go hAoine

Guthán

Glao Sábhála 1850 44 44 44

Línte ar Oscailt

8rn-6in Luan go hAoine
9rn-3in Satharn

info@vhi.ie

Cill Chainnigh

Páirc Ghnó IDA
Inse an Phuirséalaigh
Bóthar Bhaile Átha Cliath
Facs: 056 7761741

Baile Átha Cliath

Sráid na Mainistreach
Teach Vhi
Bóthar na Mainistreach Íochtarach
Baile Átha Cliath 1
Facs: 01 7994091

Dún Laoghaire

35/36 Sráid San
Seoirse Íochtarach
Facs: 01 6197456

Corcaigh

Teach Vhi
70 An Meal Theas
Facs: 021 4277901

Gaillimh

10 An Fhaiche Mhór
Facs: 091 564307

Gaoth Dobhair

Údarás na Gaeltachta
Gaoth Dobhair
Co. Dhún na nGall
Facs: 074 9531548

Luimneach


Teach an Ghairneora
Cé Charlotte
Facs: 061 310361



www.vhi.ie


Staitisticí Oibríochta

Nósanna Imeachta Ospidéal Príobháidí 2004-2009




Is iad na hospidéal/saoráidí príobháideacha a chuirfidh 70% de riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí ar fáil sa bhliain 2010. Beidh na fíorchostais ar ghnáthaimh níos ísle in 2010. Tuartar go mbeidh ardú 9% ar a laghad ar an éileamh a bheidh ar sheirbhísí.

% Leibhéal an Chorrlaigh Sócmhainneachta



Tá leibhéal an chorrlaigh sócmhainneachta suite ag 22.3% i láthair na huaire.

Costais Oibríochta mar % den Ioncam Tuillte



Bord Stiúrthóirí



Bernard Collins
Cathaoirleach

Tá Bernard Collins ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Lifemed Consulting Limited. Tá BA Onóracha i Síceolaíocht Thionsclaíoch Fheidhmeach/ Gnó ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Éire aige. Tá an tUas Collins ar bhord go leor cuideachtaí eile in Éirinn agus sna Stáit Aontaithe. D'oibrigh sé ar feadh 10 mbliana mar Leas-Uachtarán ar Oibríochtaí Idirnáisiúnta ag Boston Scientific Corporation go dtí 2003.*



Jimmy Tolan BComm FCA
Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Jimmy Tolan ag obair le Vhi um Chúram Sláinte mar Phríomhfheidhmeannach i mí Bealtaine 2008. Bhí an tUas Tolan ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fyffes plc ó Eanáir 2007 agus rinne sé bainistiú ar fheidhm éadála Fyffes ó 1993. Cuntasóir cáilithe is ea Jimmy Tolan agus fuair sé chuid oiliúna ó KPMG. Tá Céim BComm agus Dioplóma i gCuntasáíocht Ghairmiúil aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



David Went

Bhí an tUas David Went ina Phríomhfheidhmeannach Grúpa ar Irish Life & Permanent plc ó 1998-2007, ina Phríomhfheidhmeannach ar an Coutts Group ó 1994-1997 agus roimhe sin, ina Phríomhfheidhmeannach ar Ghrúpa Bhanc Uladh 1987 go 1994, tar éis tosú le Banc Uladh i 1976. Chaith an tUas Went sé bliana le Citibank 1970-1976 i mBaile Átha Cliath agus i Jeddah. Tá sé ina Chathaoirleach faoi láthair ar Irish Times Ltd agus ina Chathaoirleach ar Fhondúireacht na Tríonóide agus ina Stiúrthóir ar Bhanc Goldman Sachs san Eoraip. Tá BA (Mod) Baitsiléir Dlí in Eolaíocht an Dlí ag an Uas Went ó Choláiste na Tríonóide agus bhain sé cáilíocht amach freisin mar Abhcóide ó Kings Inn.



Liam Twohig BComm FCA

Comhpháirtí Sinsearach, Baker Tilly Ryan Glennon, Comhpháirtithe Gnó agus Cuntasóirí, Iar-Uachtarán, Comhlachas Tionscail agus Tráchtála na Gearmáine-na hÉireann.#



Jim Kelly

Stiúrthóir, KBC Asset Management; Stiúrthóir, KBC Bank Ireland plc; Comhalta, an Institiúid Bainistíochta Pinsean; Iar-Phríomhfheidhmeannach, Mercer Human Resource Consulting; Stiúrthóir Bunaidh, Pension & Investment Consultants Ltd.; Iar-Chathaoirleach, Chomhairle na hÉireann um Pleanáil do Lucht Scoir.*



Baroness Neuberger DBE

Comhalta de na Daonlathaigh Liobrálacha, Teach na dTiarnaí; Iontaobhaí, Fondúireacht Dhuais Booker; Iontaobhaí, Iontaobhas Carthanais Walter & Liesel Schwab; Cathaoirleach, an Coimisiún ar Thodhchaí na hOibre Deonai; Uachtarán, Giúdachas Liobrálach; Údar de chuid *The Moral State We're In*, staidéar ar mhoráltacht agus beartas poiblí sa Bhreatain sa lá atá inniu ann agus *Not Dead Yet* – forógra na seanaoise.

Iar-Phríomhfheidhmeannach, King's Fund; Comhaltachtaí Oinigh ó Choláiste Ríoga na Lianna, Coláiste Ríoga na Síciatraithe agus Coláiste Ríoga na Lia-Chleachtóirí; Iar-Rabbi, Sionagóg Liobrálach Londain Theas; Cathaoirleach, One Housing Group agus Cathaoirleach freisin, Responsible Gambling Strategy Board; Cathaoirleach, Páinéal Comhairleach maidir le hÉagsúlacht Bhreithiúnach.



Cathal Magee BA MGT MSC

Is Iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar Eircom Ltd é Cathal agus bhí sé ina chomhalta den Fhoireann feidhmiúcháin in Eircom ó 1995. Ceapadh ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Eircom Retail é in 2002 agus d'oibrigh sé an ról sin go dtí Feabhra na bliana seo. Sular thosaigh sé le Eircom d'oibrigh sé do Bhanc Náisiúnta na hAstráile sa Ríocht Aontaithe. I measc stiúrthóireachtaí eile tá: Cumann Foirgníochta EBS, CMJ Consulting and Management Services, Glencree Centre for Peace and Reconciliation.[#]



Humphrey Murphy

Cathaoirleach, Hygienic Stainless Steels Ltd sa Ríocht Aontaithe; Comhalta de Chomhlacht Rialaithe Choláiste na hOllscoile, Corcaigh 1997 go dtí seo; Cathaoirleach ar Choiste Iniúcháireachta Choláiste na hOllscoile, Corcaigh 2003-go dtí seo; Stiúrthóir ar Údarás Aerfort Chorcaí.*



Karen Hickey-Dwyer FRIAI

Tá Karen Hickey-Dwyer Uasal ina Comhpháirtí le Dlíodóirí Ivor Fitzpatrick & Company faoi láthair, ag déanamh sainfheidhmithe ar chúram sláinte, dlí teaghlaigh, faillí chliniciúil agus dlíthíocht árachais. Glacadh léi i Rollaí Dhlí-Chumann Corpraithe na hÉireann i 1998. Comhalta, Comhlachas Barra Aturnaetha Bhaile Átha Cliath; Comhalta, Comhlachas Dlíodóirí Teaghlaigh; Comhalta, Dlí-Chumann na hÉireann; Comhalta, Comhlachas Dlíodóirí um Dhíobhálacha Pearsanta; agus Comhalta, Cumann Idirnáisiúnta an Bharra.



Declan Moran

Tá Declan Moran mar Stiúrthóir Margaíochta agus Forbartha Gnó ag Vhi um Chúram Sláinte i láthair na huaire. Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta aige agus is Comhalta d'Institiúid na nAchtúirí é ón mbliain 1994. Tháinig sé go Vhi um Chúram Sláinte i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean agus ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi é sa bhliain 2008. Tá sé freagrach as punann táirgí Vhi um Chúram Sláinte a bhainistiú, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus saineolas achtúireach a sholáthair laistigh den eagraíocht.



Gillian Bowler FMII FMgt

Cathaoirleach, Irish Life & Permanent, Plc.; Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin, Grafton Group; Comhalta Boird, Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit, Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.*



Christy Cooney (Cristóir Ó Cuana)

Máistir Oideachais; Uachtarán CLG (An tUachtarán).[#]

([#]) ag seasamh do Chomhalta an Choiste Iniúcháireachta
(*) ag seasamh do Chomhalta an Choiste Luach Saothair



Bernard Collins
CATHAOIRLEACH, VHI UM CHÚRAM SLÁINTE

Athbhreithniú an Chathaoirligh

Torthaí Airgeadais


Bliain an-dúshlánach agus an-deacair ba ea 2009 ó thaobh airgeadais agus oibriúcháin de. Ghin Vhi um Chúram Sláinte easnamh foriomlán iarchánach de €41.7 milliún in 2009 in ainneoin toradh dearfach ar infheistíocht. Sa bhreis air seo, tháinig titim de nach mór 120,000 ar líon na gcustaiméirí a bhí ag Vhi um Chúram Sláinte ó thús na bliana agus lean an titim seo i líon na gcustaiméirí isteach in 2010. Is í an timpeallacht mhargaidh atá ann faoi láthair, a chuireann ar chumas na hiomaitheoirí scothroghnú a dhéanamh ar chustaiméirí atá níos óige agus níos brabúsaí, is mó is cúis leis an dtitim i líon na gcustaiméirí. Chomh maith leis seo tháinig laghdú de nach mór 2% ar an margadh árachais sláinte foriomlán sa bhliain 2009 mar gheall ar chúlú eacnamaíochta ginearálta agus réamh-mheastar go dtarlódh breis chúlaithe in 2010. Déanann Athbhreithniú na nOibríochtaí staidéar níos mine ar fheidhmíocht airgeadais agus gnó Vhi um Chúram Sláinte.

Oibleagáidí Dlíthiúla de chuid Vhi um Chúram Sláinte

Caithfidh Vhi um Chúram Sláinte a chinntiú go bhfuil sí inbhuanaithe trína cuid gnó a chuir in oiriúint go hiomlán don timpeallacht eacnamaíoch, rialála agus iomaíoch, go háirithe sa timpeallacht ina bhfuil sí ag feidhmiú faoi láthair.

De réir comhairle dlí atá faighte ag Vhi um Chúram Sláinte caithfidh a cuid ioncaim a bheith i gcomhoiriúint lena cuid caiteachais in 2011 agus mar sin tá athbhreithniú á dhéanamh ar na roghanna ar fad atá ar fáil ionas go gcinnteofar go mbeifear in oiriúint leis an oibleagáid dlíthiúil seo. Cé nach bhfuil an t-athbhreithniú seo tugtha chun críche go fóill, tá sé cinnte, mura dtugann an Rialtas cosaint iomlán do chustaiméirí árachais sláinte aosta in 2011 trí mhéadú suntasach a dhéanamh ar an bhfaoiseamh cánach bainteach le haois ag an bhfoinse, ní bheidh aon dul as ag Vhi ach athrú suntasach a dhéanamh ar an táirge agus ar an bpraghsáil le bheith in oiriúint lena cuid oibleagáidí dlíthiúla agus le bheith inbhuanaithe. Is de bharr rithábhacht na ceiste seo cuireann Vhi um Chúram Sláinte an-fáilte roimh an tiomantas a thug an Taoiseach agus an tAire Sláinte agus Leanaí ar an 27ú Bealtaine 2010 go mbeidh baill aosta den sochaí a cheannaíonn árachas sláinte cosanta go hiomlán trí shraith láidir meicníochtaí a chuimseoidh an córas faoisimh cánach bainteach le haois atá ann faoi láthair, socrú idirthréimhseach a thiocfaidh i bhfeidhm ar an 1ú Eanáir 2012 agus scéim chomhionannaithe riosca nua. Spreagfadh ardú suntasach ar an bhfaoiseamh cánach bainteach le haois ag an bhfoinse iomaíocht do gach aoisghrúpa agus chuirfeadh sé deireadh leis an scothroghnú atá á dhéanamh ag ár n-iomaitheoirí. Is eagraíocht sheachbhrabúsach í Vhi um Chúram Sláinte faoi láthair ach caithfidh barrachas measartha a ghiniúint le bheith inbhuanaithe agus le cinntiú go bhfuil sé ar ár gcumas riachtanais sláinte ár gcustaiméirí a mhaoiniú inniu agus amach anseo.

Uimhreacha Ballraíochta Vhi 2000-2009



Rialú Airgeadais

Tá sé an-tábhachtach do Vhi um Chúram Sláinte rialachán airgeadais a bhaint amach. Cuirfidh sé ar ár gcumas an eagraíocht a dhéanamh níos mó, éagsúlú a dhéanamh ar ár raon táirgí ar son leasa ár gcustaiméirí uile agus bheith in oiriúint leis na riachtanais atá san Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008. Faoi láthair, caithfidh Vhi um Chúram Sláinte cóimheas sócmhainneachta de 40% a bhaint amach chun riachtanais an Rialtóra Airgeadais a shásamh. Tá Vhi an-buíoch agus cuireann sí an-fáilte roimh an tiomantas a thug an Rialtas breis-chaipiteal a chur ar fáil don Vhi um Chúram Sláinte ionas go mbeadh sé indéanta Rialachán Airgeadais a bhaint amach. Sa bhreis ar a bheith cinnte go mbainfear an cóimheas sócmhainneachta amach, beidh ar Vhi um Chúram Sláinte a bheith in ann a thaispeáint don Choimisiún Eorpach agus don Rialtóir Airgeadais go bhfuil gnó inbhuanaithe aici, rud a chiallaíonn go mbeidh ar Vhi um Chúram Sláinte glanchorrlach frithghheallta idir 3% agus 4% a ghiniúint in 2012.

Tá Fórsaí Margaidh ag Cur Deireadh Le Pobalráit

Tá sé an-soiléir go bhfuil fórsaí margaidh ag cur deireadh le Pobalráit agus mar thoradh air seo tá an-tóir ar bheatha óga atá brabúsach agus ar scéimeanna corparáideacha agus níl aon iomaíocht ann i measc na gcustaiméirí árachais sláinte aosta a dhéanann caillteanas. Beidh deireadh leis an iomaíocht seo mura ndírítear ar Phobalráit. In ainneoin nach mór 120,000 custaiméir a chailleadh in 2009, bhí níos mó custaiméirí os cionn seasca bliain d'aois ag Vhi um Chúram Sláinte ag deireadh na bliana ná mar a bhí ag tús na bliana. Tá Vhi um Chúram Sláinte ag cailleadh €170 milliún ag freastal ar riachtanais sláinte a cuid custaiméirí aosta agus níl an tobhach/córas faoisimh cánach bainteach le haois atá ann faoi láthair éifeachtach ach 40% den am rud a chiallaíonn nach bhfuil cúiteamh ceart ar fáil do na hárachóirí a bhfuil custaiméirí aosta acu agus iad ag freastal ar riachtanais sláinte dhaoine aosta. Tá dlúthcheangal idir aois agus cúram sláinte go háirithe i réimsí criticiúla, mar shampla ailse,

cúrsaí cairdiacha, riochtaí ainsealacha agus cúram ortaipéideach agus bíonn costais chúram sláinte chustaiméir atá 80 bliain d'aois deich n-uaire níos airde ar meán ná costais chustaiméir atá 25 bliain d'aois. Tugann an timpeallacht mhargaidh reatha spreagadh d'iontrálaithe nua dul sa tóir ar chustaiméirí óga toisc gur féidir an-brabús a dhéanamh astu, agus baill aosta den sochaí a sheachaint toisc go bhfuil caillteanas suntasach ag baint leo. Cé go bhfuil sciar den mhargadh de níos mó ná 40% de na custaiméirí árachais sláinte óga ag ár n-iomaitheoirí tá sciar den mhargadh de níos lú ná 5% de chustaiméirí atá os cionn ochtó bliain d'aois agus sciar den mhargadh de 8%-10% de chustaiméirí atá idir seachtó agus ochtó bliain d'aois acu faoi láthair. Tá sé soiléir go bhfuil na straitéisí margaíochta, praghsála agus dearadh táirgí ar fad atá ag ár n-iomaitheoirí dírithe ar dhaoine óga agus go bhfuil an iomaíocht ar fad atá sa mhargadh dírithe ar an gcuid seo den mhargadh toisc gurb é seo an bealach a bhíonn margaí agus iomaíocht i dtimpeallacht rialála agus ní thugann sé seo cosaint chuí do na baill aosta sa sochaí. Léiríonn an graf "Ballraíocht Vhi 2000-2009" go soiléir nach bhfuil aon iomaíocht ann do chustaiméirí aosta agus go bhfuil dianiomaíocht ann do chustaiméirí óga.

Ag Bainistiú Riachtanais um Chúram Sláinte ár gCustaiméirí

Tá sé luaite ag Vhi um Chúram Sláinte go gcuirfear i bhfad níos mó acmhainní i dtreo galarchosc, bainistiú ar ghalair ainsealacha, cúram pobail agus bainistiú ar fholáine ár gcustaiméirí sa mheántréimhse. Le bliain anuas, tá céimeanna suntasacha agus inláimhsithe tógtha againn le dul i ngleic leis seo. Tá raon cuimsitheach clár scagthástála tugtha isteach againn i réimsí an Diaibéitis Cineál II agus stádas riosca cardashoithíoch. Faoi dheireadh 2010 beidh ionaid scagthástála ullamh agus ag feidhmiú

agus beidh buntáistí scagthástála breise dár gcustaiméirí mar chuid de roinnt mhaith dár bpleananna árachais sláinte.

Tá cosc ar thinneas agus cláir um bhainistiú ar ghalair ainsealacha mar chuid lárnach don straitéis foriomlán atá againn. Trí thionscnaimh réamhghníomhacha cosúil le cláir Scagthástála Diaibéitis/Cardashoithíoch a thabhairt isteach beimid in ann crioscaíl níos díri a dhéanamh agus beidh tionchar dearfach aige seo ar chúram sláinte fadtéarmach ár gcustaiméirí. Cinnteoidh sé seo go bhfanfaidh daoine sláintiúil ar feadh tréimhsí níos faide, agus beidh dea-thionchar aige seo ar chostais sláinte san fhadtéarma agus beidh ballraíocht Vhi lárnach dá gcuid saoi i gcónaí. Tá clár scagthástála d'ailse chaoláin á fhorbairt againn chomh maith agus é ar intinn againn scagthástáil a dhéanamh ar 4,000 dár gcustaiméirí i dtosach. Tá seirbhís ospidéal sa bhaile lainseáilte againn chomh maith i gceantar Bhaile Átha Cliath i dtosach, a chuirfidh cóir leighis ar dhaoine a bhfuil roinnt riochtaí leighis ar leith orthu, sa bhaile agus tá sé ar intinn againn clár bainistithe galair ainsealacha a lainseáil faoi dheireadh 2010.

Toisc go rachaidh ár mbonn custaiméirí agus sochaí na hÉireann in aois thar na cúig bliana déag atá le teacht agus toisc go bhfuil taighdeoirí ag réamh-mheas go mairfidh pinsinéirí a bhfuil riochtaí sláinte ainsealacha orthu níos mó ná 7 mbliana i gcomparáid leis an 3.5 bliana atá ann faoi láthair tá sé ríthábhachtach go gcuirimid seirbhísí luacha breise ar fáil a laghdóidh an gá a bheidh ann go mbeadh othair in ospidéal sna blianta atá romhainn amach agus a dhéanfaidh bainistiú ar chustaiméirí a bhfuil riochtaí sláinte ainsealacha orthu i suímh éagsúla.





Buíochas

Cé gur bliain dheacair agus dúshlánach a bhí in 2009 de bharr na ndúshlán eacnamaíocha, iomaíocha agus rialála a bhí ann don eagraíocht ba bhliain an-gnóthach a bhí inti chomh maith le raon leathan táirgí agus scéimeanna nua a tugadh isteach chun cúnamh a thabhairt dár gcustaiméirí sa tréimhse dheacair seo ó thaobh airgeadais de. Cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil san athbhreithniú ar oibriúcháin. Ba mhaith liom ómós agus buíochas an Bhoird Stiúrthóirí a chur in iúl do na fostaithe go léir as ucht a gcuid iarrachtaí i gcaitheamh na bliana seo caite agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don obair chrua a rinne an bhainistíocht agus na baill foirne agus iad ag leanúint de bheith ag teacht suas le réitigh táirge nuálacha agus á gcur ar fáil dár gcustaiméirí sa bhreis ar sheirbhísí do chustaiméirí den scoth.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhaltaí Boird agus leis na baill de chuid ár ngrúpaí comhairleacha as ucht a gcuid tiomantais agus a gcuid tacaíochta le linn 2009.

Ómós

Ba mhaith liom tagairt ar leith a dhéanamh don méid a rinne ball dár bhfhoireann Nicola Conway Uasal a cailleadh i gcaitheamh na bliana agus í fós an-óg. Ba mhaith liom ár gcomhbhrón ó chroí a chur in iúl dá muintir, dá cairde agus dá comhghleacaithe i Vhi um Chúram Sláinte Cill Chainnigh.

Forbhreathnú Gearrthéarmach agus Meántéarmach

Réamh-mheastar go mbeidh 2010 díreach chomh dúshlánach is a bhí 2009. Is áit mhargaidh atá grádaithe ag riosca atá sa mhargadh árachais

sláinte anois don chuid is mó leis an iomaíocht ar fad ag díriú ar bheathaí óga agus difríochtaí an-suntasacha sna praghsanna ag teacht chun cinn idir na táirgí atá dírithe ar bheathaí óga agus na táirgí atá dírithe ar bhaill aosta den sochaí. Rachaidh an margadh atá ann d'árachas sláinte príobháideach, agus custaiméirí an Vhi um Chúram Sláinte go háirithe, in aois thar na deich mbliana atá le teacht. Réamh-mheastar go mairfidh daoine aosta níos faide ná mar a dhéanann faoi láthair agus níos mó riochtaí ainsealacha orthu. Tá na déimeagrafaigh seo láidir agus mar thoradh orthu beidh an-dúshlán roimh gach eagraíocht sláinte, iad poiblí nó príobháideach, agus iad ag maoiniú riachtanais sláinte meántéarmacha na gcustaiméirí aosta a bhfuil árachas sláinte acu. Mura gcuirtear meicníochtaí láidre um thacaíocht i bhfeidhm do bhaill aosta an tsochaí, ní bheidh aon dul as ann, áfach, ach go mbeidh ar chustaiméirí aosta i bhfad níos mó a íoc ná custaiméirí óga as a gcuid árachais sláinte. Ní chreidimid gur ar son leasa an tsochaí a bheadh sé seo agus tá sé riachtanach go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán na meicníochtaí um thacaíocht a tháinig as an tiomantas a thug an Taoiseach agus an tAire Sláinte & Leanaí maidir le cosaint iomlán a thabhairt do chustaiméirí árachais sláinte aosta in 2011 agus uaidh sin amach toisc nach mbeidh Vhi um Chúram Sláinte in ann leanúint le caillteanais de €170 milliún agus iad ag freastal ar riachtanais sláinte ár gcustaiméirí aosta ó 2010 ar aghaidh.



Bernard Collins
Cathaoirleach



Jimmy Tolan

PRÍOMHFHEIDHMEANNACH, VHI UM CHÚRAM SLÁINTE

Athbhreithniú na nOibríochtaí

Rinne an Cathaoirleach tagairt ina athbhreithniú don bhliain deacair a bhí ag Vhi um Chúram Sláinte in 2009. Chaill Vhi um Chúram Sláinte nach mór 120,000 custaiméir in 2009 agus ghin sí easnamh iarchánach de €41.7 milliún agus ní bheimid ábalta na leibhéil chaillteanais seo a choinneáil ó 2010 amach. In ainneoin na ndúshlán tromchúiseacha seo leanann Vhi um Chúram Sláinte de bheith láidir ó thaobh airgeadais de le sócmhainní airgeadais leachtacha de €705 milliún agus cúlchistí coinnithe de €306 milliún, rud a chiallaíonn go bhfuil ár gclár comhardaithe i bhfad níos láidre agus níos leachtaí ná cláir chomhardaithe ár gcuid iomaitheoirí.

Sa bhliain 2009, chaith Vhi um Chúram Sláinte níos mó ná €1.3 billiún ag maoiniú riachtanais sláinte ár gcustaiméirí. Bhí sé seo 14% níos airde ná an bhliain roimhe seo le níos mó ná 50% caite ag freastal ar riachtanais sláinte ár gcustaiméirí aosta. Sa bhliain 2009, bhí an meánmhéid a chaith Vhi ar shláinte ag €900 in aghaidh an chustaiméara, figiúr atá dhá huairé níos airde ná an méid a chaith ár gcuid iomaitheoirí sa mhargadh agus leanfaidh an bearna seo sa mhaoiniú sláinte idir Vhi um Chúram Sláinte agus ár gcuid iomaitheoirí ag dul i méid sna blianta atá romhainn amach.

Is í aois an príomhchinntitheach ó thaobh caiteachais leighis de sna riochtaí ríthábhachtacha cosúil le cúram aise agus cúram cairdiach chomh maith le réimsí cosúil le cúram ortaipéideach. Beidh an méadú a thuartar a tharlóidh ó bhliain go bliain ar riachtanais sláinte ár gcustaiméirí mar an príomhfhórsa a bheith taobh thiar d'arduithe sna costais sláinte sa bhliain 2010 – go háirithe riachtanais ár gcustaiméirí aosta.

Torthaí Airgeadais

Féadfar na príomhthorthaí airgeadais a achoimriú mar seo a leanas:

- Ba é €1.314 billiún an phréimh iomlán a tuilleadh don tréimhse dhá mhí déag dar críoch 31ú Nollaig 2009 i gcomparáid le €1.025 billiún don 10 mí roimhe sin go Nollaig 2008.
- Léirigh na torthaí iarchánacha go raibh glanearnamh €41.7 milliún ann i gcomparáid le hearnamh €65 milliún don tréimhse dar críoch Nollaig 2008. Tharla an t-earnamh seo toisc go bhfuil Vhi um Chúram Sláinte ag íoc amach €117 milliún níos mó ná mar a tháinig isteach in ioncam préimhe agus í ag freastal ar riachtanais chúram sláinte a custaiméirí. Tá laghdú ar an earnamh de bharr na ngnóthachan de €27 milliún a rinneadh as ár bpunann infheistíochta, faoiseamh cánach bainteach le haois (glan ón tobhach) de €30 milliún, cúlchiste riosca nach raibh caite de €13 milliún a scaoileadh chomh maith le creidmheasanna cánacha de €7 milliún.
- Íocadh €1.341 billiún in éilimh sa tréimhse athbhreithnithe. Is mar gheall ar ardú suntasach i líon na ngnáthamh míochaine atá á íoc thar ceann ár gcustaiméirí a thagann an t-ardú seo chun cinn.
- Is ag 98.7% atá cóimheas éilimh de chuid Vhi um Chúram Sláinte, .i. an íocaíocht as cúram leighis mar chéatadán den phréimh a tuilleadh, figiúr atá i bhfad níos airde ná mar atá ag ár gcuid iomaitheoirí a bhfuil figiúirí níos ísle ná 80% acu agus atá 61% ag Cúram Sláinte Aviva.

- Tá an cóimheas sócmhainneachta .i. cóimheas na gcúlchistí saora go dtí an ioncam préimhe ag 22.3% faoi láthair, síos ó 27.7% an bhliain seo caite.
- Tá na costais oibriúcháin mar % den ioncam a tuilleadh dár ngnó bainteach le hárachas sláinte síos 6.4% ó 7.6% an bhliain roimhe agus tá sé seo i bhfad níos ísle ná mar atá ag ár gcuid iomaitheoirí.

Fórsaí Margaidh agus Tionchar ar Phobalráit

Is é an dúshlán is mó ar fad atá os comhair Vhi um Chúram Sláinte ná maoiniú a chur ar fáil do riachtanais sláinte ár gcustaiméirí aosta, agus tá na riachtanais seo atá ag dul i méid. In 2009, chaill Vhi um Chúram Sláinte níos mó ná €170 milliún ag freastal ar riachtanais sláinte a custaiméirí a bhí níos sine ná 60 bliain d'aois. Deich mbliana ó shin bhí 185,000 custaiméir againn a bhí os cionn 60 bliain d'aois, inniu tá 280,000 custaiméir againn agus i gceann deich mbliana eile réamh-mheastar go mbeidh 370,000 custaiméir againn atá os cionn 60 bliain d'aois.

Leis an gcúlra seo, creideann Vhi um Chúram Sláinte nach gcosnóidh an córas faoisimh cánach bainteach le haois atá ann faoi láthair baill aosta den sochaí a cheannaíonn árachas sláinte agus tá an margadh ag athrú go háit mhargaidh atá grádaithe ag riosca. Níl an córas éifeachtach ach go 40% rud a chiallaíonn go bhfuil caillteanas mór ag dul le custaiméirí aosta. I margaí idirnáisiúnta cosúil leis an Ghearmáin, an Afraic Theas, an Eilvéis agus an Ollainn a choinníonn córais phobalráitithe tá siad éifeachtach go 80% ar a laghad. Tá na hathruithe a rinneadh ar an tobhach/córas faoisimh cánach bainteach le haois do 2010 tar éis damáiste de níos mó ná €15 milliún a dhéanamh dár staid airgeadais toisc go sáróidh an

tobhach breise a íocfaidh Vhi um Chúram Sláinte in 2010 an faoiseamh cánach breisíoch bainteach le haois a gheobhaidh ár gcustaiméirí aosta.

In aon Mhargadh Árachais Sláinte Pobalráitithe bíonn gá le meicníocht chuimsitheach um chomhionannas riosca nó meicníocht um thacaíocht cosúil leis, mar shampla faoisimh chánach bainteach le haois a bheadh dóthanach ionas go bhfeidhmíonn an margadh ar son leasa na dtomhaltóirí uile. Ionas go n-oibreodh Pobalráitú caithfidh daoine óga fóirdheonú a dhéanamh ar dhaoine aosta agus ba cheart go n-íocfadh gach duine atá laistigh de phlean ar leith an praghas céanna beag beann ar aois nó ar stádas sláinte. Nuair nach bhfuil meicníocht láidir ann le tacú le baill aosta den sochaí, áfach, bíonn an-caillteanas ag baint le hárachas a thabhairt do dhaoine aosta nó a bhfuil tinnis orthu agus mar sin seachnóidh aon árachóir atá ag díriú ar bhrabús a dhéanamh na custaiméirí seo.

Leis an dtobhach/córas faoisimh cánach bainteach le haois atá ann is féidir lenár gcuid iomaitheoirí leanúint ar aghaidh ag díriú ar bheathaí óga, teaghlaigh agus cuideachtaí toisc gur féidir an-cuid brabúis a dhéanamh astu. Tá an-iomaíocht sna réimsí seo ach ciallaíonn sé seo go bhfuil na corrlaigh ag laghdú. Mar thoradh dosheachanta den chineál seo iomaíochta beidh ar chustaiméirí aosta níos mó a íoc fad is go gcuireann fórsaí margaidh brú ar Phobalráitú agus go bhfeidhmeoidh siad in aghaidh leasa na ndaoine aosta agus na ndaoine a bhfuil tinnis orthu. Faoin dtimpeallacht rialála reatha atá ann tá an-caillteanas i gceist le hárachas sláinte a chur ar fáil do dhaoine atá níos sine ná 60 bliain d'aois agus mar sin ní dhíolfaidh aon árachóir sláinte atá díreach ag díriú ar bhrabús árachas le custaiméirí a chaillfidh suimeanna móra airgid dóibh. Mar shampla, d'fhéadfadh polasaí árachais ar dhuine atá 25 bliain d'aois brabús thart ar €400 a ghiniúint tar éis an



tobhach a thabhairt san áireamh, fad is go bhféadfadh duine atá 80 bliain d'aois caillteanas €1,000 a ghiniúint agus an faoiseamh cánach bainteach le haois reatha á thabhairt san áireamh.

Mar thoradh air seo clúdaíonn Vhi um Chúram Sláinte comhréir níos airde de dhaoine aosta agus leanann sí ar aghaidh ag míbhuntáiste iomaíoch suntasach agus leanann ár gcuid iomaitheoirí ag seachaint árachas a dhíol le daoine aosta. Cuirfidh an cineál seo iomaíochta deireadh le Pobalráit, áfach, agus gearrfar táille i bhfad níos airde ar dhaoine aosta ná mar a ghearrfar ar dhaoine óga as árachas sláinte.

Ag maoiniú riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí

In 2009, chaith Vhi um Chúram Sláinte €1.34 billiún ag maoiniú riachtanais sláinte agus costais mhíochaine ár gcustaiméirí, suas 14% ar an mbliain roimhe sin. Ionas gur féidir leanúint ar aghaidh ag freastal ar riachtanais mhíochaine na gcustaiméirí agus chun leanúnachas cúraim a chinntiú ní raibh aon dul as ach na préimheanna a ardú 8% ar an meán do 2010 – figiúr atá i bhfad níos ísle ná na harduithe a d'fhógair ár gcuid iomaitheoirí a bhí idir 16% agus 20%.

Beidh aois agus stádas sláinte mar na príomhfhórsaí a bheidh taobh thiar de na costais sláinte ardaithe a bheidh ann sa todhchaí.

Tá céimeanna móra chun tosaigh bainte amach sna teicneolaíochtaí éagsúla, drugaí nua agus feistí leighis i réimsí ríthábhachtacha cosúil le cúram ailse agus cairdiach agus tá tionchar dearfach acu seo ar chaighdeán maireachtála ár gcustaiméirí – tá costas ag baint leis an dul chun cinn seo, áfach.

Maidir leis an gcaiteachas foriomlán, is é an cúram míochaine bainteach le hailse is mó a chosnaíonn airgead le nach mór €232 milliún íoctha amach i gcaitheamh na bliana 2009. An dara réimse is mó caiteachais ná cóir leighis le haghaidh cúram ortaipéideach lena n-áirítear athchur glúine agus cromáin, bristeacha agus fadhbanna droim a chosain €167.5 milliún, le €163 milliún ansin á chaitheamh ar fhadhbanna imshruthaithe agus croí. I measc na réimsí eile a raibh costas míochaine ag baint leo bhí €126.6 milliún ar ghalair an chórais díleáite, €66.2 milliún ar chúram sláinte mheabhrach agus nach mór €53 milliún ar chúram máithreachais.

Tionscnaimh chun Costais a Chosaint

In 2010 tá Vhi um Chúram Sláinte ag súil go gcuirfear níos mó ná 70% de riachtanais sláinte ár gcustaiméirí ar fáil i saoráidí príobháideacha. Le cúig bliana anuas tháinig ardú ó 293,000 go 507,000 ar líon na ngnáthamh míochaine ar íoc Vhi um Chúram Sláinte astu thar ceann custaiméirí i saoráidí príobháideacha, ardú 73% agus cé go mbeidh fórchostas na ngnáthamh níos ísle in 2010 tuartar go dtiocfaidh ardú ar riachtanais sláinte ár gcustaiméirí in 2010.

Leis an ngá atá le cúram sláinte breise ag dul i méid agus an riachtanas atá ann préimheanna na gcustaiméirí a choimeád ar phraghas réasúnta táimid ag obair go leanúnach ar bhainistiú a dhéanamh ar na costais mhíochaine atá ag ardú. Déanaimid dian-idirbheartaíocht lenár soláthraithe uile ar bhonn bliantúil lena chinntiú go bhfaighimid na socruithe conartha is éifeachtaí ó thaobh costais de dár gcustaiméirí. In 2009 rinneamar laghdú 5% ar tháillí go lianna comhairleacha agus tá laghdú 3% sna táillí a théann chuig ospidéal phríobháideacha

idirbheartaithe chomh maith. Chuir na laghduithe seo go mór leis an iarracht atá déanta againn arduithe sna préimheanna a choimeád chomh híseal agus is féidir. Táimid ag súil le tuilleadh laghduithe sna costais i mbliana.

I gcomhpháirt le gach gnó eile bímid gafa le raon tionscadal a dhíríonn ar chostais a choimeád íseal ar fud na heagraíochta chun mionscrúdú a dhéanamh ar ár gcostais féin. Mar thoradh ar bhearta a cuireadh i bhfeidhm in 2009 d'éirigh linn laghdú €12 milliún a dhéanamh ar ár gcostais ar bhonn bliantúil.

Cosán Vhi um Chúram Sláinte Ar Ais chun na hinbhuanaitheachta

Tá sé de dhíth ar Vhi um Chúram Sláinte, faoin reachtaíocht a ghabhann léi, a chinntiú go bhfuil a cuid ioncaim ar a laghad ag comhoiriúint lena cuid caiteachais in 2011 agus as sin amach. Beidh orainn glanchorrach frithgheallta idir 3% agus 4% a ghiniúint in 2012 le bheith inbhuanaithe agus le bheith in oiriúint le riachtanais an Choimisiúin Eorpaigh agus an Rialtóra Airgeadais. Tá an cosán ar ais chun na hinbhuanaitheachta ilghnéitheach toisc go bhfuil an riachtanas freastal ar chostais sláinte ár gcustaiméirí san áireamh ann trí dhian-idirbheartaíocht a dhéanamh le soláthraithe, chomh maith le rialú costas inmheánach láidir agus d'fhéadfadh athruithe suntasacha sa táirge agus sa struchtúr praghsála a bheith i gceist chomh maith. Glacann an cosán ar ais chun na hinbhuanaitheachta leis go dtabharfaidh an Rialtas isteach meicnióchtáil láidre nua chun cosaint a dhéanamh ar bhaill aosta na sochaí, mar a fógraíodh roimhe seo, toisc nach bhfuil sé indéanta go leanfadh Vhi um Chúram Sláinte le cailteanais €170 milliún a ghiniúint agus í ag freastal ar riachtanais sláinte a cuid custaiméirí aosta.

Aonad Imscrúdaithe Speisialta

In 2009 d'fhógraíomar sonraí faoin aonad imscrúdaithe speisialta atá againn agus thugamar sonraí faoin slí inar féidir le custaiméirí dul i dteagmháil leis an aonad chun aon chás amhrasta maidir le hearráidí billeála nó táillí atá ró-ard á ghearradh ag soláthraithe a chur in iúl. Thugamar an-spreagadh dár gcustaiméirí a gcuid ráiteas sochair a sheiceáil le bheith cinnte go bhfuil siad cruinn agus aon ábhar imní a bheadh acu maidir le ró-tháilliú a chur chuig an Aonad Imscrúdaithe Speisialta.

Cé go raibh foireann ar leith ag Vhi um Chúram Sláinte i gcónaí chun iniúchadh a dhéanamh ar éilimh, tá acmhainní breise curtha leis an Aonad Imscrúdaithe Speisialta anois. Mar thoradh ar bhunú agus ar chur chun cinn an Aonad Imscrúdaithe Speisialta tá ardú tagtha ar líon na gcásanna a chur custaiméirí isteach sa sé mhí deiridh den bhliain seo. Tá coigiltis bainte amach ag custaiméirí Vhi um Chúram Sláinte dá bharr seo.

Ag Bainistiú Folláine ár gCustaiméirí

Sa bhliain atá faoi athbhreithniú lainseáil Vhi um Chúram Sláinte roinnt tionscadal a dhíríonn ar fheabhsú a dhéanamh ar fholláine ár gcustaiméirí. Beidh an Straitéis Folláine atá againn ríthábhachtach chun go mbeadh níos mó ábharthachta agus breisluacha ag baint le bheith i do chustaiméir le Vhi um Chúram Sláinte amach anseo agus sinn ag bogadh ní hamháin ó bheith mar sholáthraí seirbhísí ospidéal ach a bheith mar sholáthraí tionscnamh um chosc ar thinneas, seirbhísí scagthástálta agus diagnóiseacha dírithe, bainistiú ar ghalair ainsealacha agus soláthraí seirbhísí pobalchúraim.



I gcaitheamh na bliana:

- Cuireadh ár gcuid Clinicí Vhi SwiftCare cóir leighis ar níos mó ná 60,000 duine le mionghortuithe inár gClinicí lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh.
- Thosaíomar ar chlár scagthástála píolótach do dhiaibéiteas cineál II agus do riosca cardashoithíoch le haghaidh níos mó ná 4,000 custaiméir i gcathair Bhaile Átha Cliath. D'éirigh chomh maith sin leis an gclár píolótach gur shíneamar an tionscadal ionas go leanfaidh sé ar aghaidh in 2010 agus tá ionad scagthástála nua oscailte againn i gCorcaigh agus seirbhísí á gcur ar fáil againn i Luimneach, sa Ghaillimh agus i mBaile Átha Cliath. An sprioc atá againn ná go ndéanfaí scagthástáil ar 30,000 duine faoi cheann 2011.
- Tá Nurseline 24/7 ag ceiliúradh 10 mbliana ar an bhfód anois ag soláthar comhairle mhíochaine saor in aisce do níos mó ná 500,000 custaiméir de chuid Vhi um Chúram Sláinte.
- Seoladh Vhi Homecare chun seirbhís leithleach ospidéal-sa-bhaile a sholáthar do chustaiméirí Vhi um Chúram Sláinte ó lár Feabhra 2010.
- Tá pleananna ann chomh maith seirbhís scagthástála d'ailse chalaireicteach a chur ar fáil níos déanaí sa bhliain 2010.
- Tá sé ar intinn againn clár a lainseáil a bhaineann le bainistiú ar ghalair ainsealacha.



Sa bhreis ar chúnamh a thabhairt maidir leo siúd atá i mbaol a aithint agus deis idirghabhála a chur ar fáil dóibh, soláthraíonn an tionscadal scagthástála píolótach, a rinne scagthástáil ar níos mó ná 4,000 custaiméir an bhliain seo caite, taighde an-cuimsitheach ar mhíochaine a dhéanann doiciméadú ar an stádas reatha ina bhfuil riosca diaibéiteas i measc cohórt de dhaonra na hÉireann agus eolas faoin stádas atá ag riosca cardashoithíoch sa daonra. Beidh an taighde seo an-luachmhar go deo maidir le planáil fadtéarmach do pholasaí sláinte na todhchaí.

San fhadtearma creidimid go dtiocfaidh díbhinní as ár Straitéis Folláine ar go leor bealaí éagsúla. Ó thaobh airgeadais de, ba cheart go mbeadh fíorchoigiltis soiléire sna costais a bhaineann le bainistiú a dhéanamh ar chúram sláinte fadtéarmach ár gcustaiméirí mar thoradh ar an straitéis. Cuirfidh sé seo ar ár gcumas custaiméirí a bhfuil a gcuid sláinte i mbaol a aithint, cúram sláinte a chur ar fáil i suímh éagsúla seachas in ospidéal amháin agus, beimid in ann bainistiú níos réamhghníomhaí a dhéanamh ar shláinte ár gcustaiméirí a bhfuil riochtaí ainsealacha orthu. Ach, b'fhéidir an rud is tábhachtaí ar fad, beimid níos fearr ábalta feabhas a chur ar stádas sláinte foriomlán ár gcustaiméirí amach anseo agus feabhas a chur ar a gcuid torthaí sláinte.

Teagmhálacha Custaiméara

Mar eagraíocht a bhfuil freastal ar riachtanais mhíochaine ár 1.4 milliún custaiméir ar fud na tíre mar phríomhaidhm aici, tá clú bainte amach ag Vhi um Chúram Sláinte thar níos mó ná caoga bliain as seirbhís do chustaiméirí den scoth a chur ar fáil. Tá

tús áite ag teagmháil phearsanta lenár gcustaiméirí i ngach rud a dhéanaimid, agus is mar gheall air sin go gcreidimid go bhfuil sé tábhachtach go bhfuil na príomh-ghníomhaíochtaí atá againn cosúil leis na hionaid teagmhála do chustaiméirí, próiseáil ar éilimh, agus riarachán polasaí bunaithe anseo in Éirinn seachas seachfhoinsiú a dhéanamh orthu.

Táirgí Éagsúlaithe

Clinicí Vhi SwiftCare

Osclaíodh an chéad Chlinic Vhi SwiftCare i mBaile Amhlaoibh i nDún Droma i Samhain 2005. Ceithre bliana ina dhiaidh sin tá cóir leighis curtha ag Clinicí Vhi SwiftCare ar níos mó ná 200,000 othar agus cuirtear cóir leighis ar 1,200 othar ar meán gach seachtain faoi láthair.

MultiTrip ó Vhi um Chúram Sláinte

Sna cúig bliana ó seoladh an táirge árachais taistil MultiTrip ó Vhi um Chúram Sláinte, ghlac níos mó ná 348,000 custaiméir leis an gcumhdach seo atá anois mar cheannaire margaidh san earnáil iltaistil le sciar 35% den mhargadh.

Global ó Vhi um Chúram Sláinte

Ba é ár dtáirge Global, a seoladh níos mó ná deich mbliana ó shin – a sholáthraíonn árachas sláinte easaoránaigh do shaoránaigh Éireannacha atá ag taisteal, ag maireachtáil nó ag obair thar lear le haghaidh tréimhse níos mó ná sé mhí – an chéad táirge éagsúlaithe a thug Vhi um Chúram Sláinte isteach.

NurseLine 24/7 ó Vhi um Chúram Sláinte

Rinne an chéad líne chabhrach tiomnaithe in Éirinn, NurseLine 24/7 ceiliúradh i gcaitheamh na bliana 2009 ar dheich mbliana ar an bhfód. I rith an ama sin chur custaiméirí, a raibh comhairle de dhíth orthu ónár n-altraí cáilithe atá bunaithe in Éirinn maidir le raon leathan ceisteanna a bhain le cúram sláinte, níos mó na leathmhilliún glaoch ar an líne chabhrach. Gach mí cuireann níos mó ná 7,000 duine ar an meán glaoch ar NurseLine ag lorg comhairle ar réimse ábhar a bhaineann le sláinte leanaí, toircheas, agus, go háirithe sa chuid dheireanach den bhliain, ceisteanna a bhain le cosc agus comharthaí bainteach leis an bhfliú mucúil (H1N1).

Vhi DeCare Dental

Is é Vhi DeCare Dental an chéad agus an t-aon táirge neamhspleách le haghaidh árachas fiaclóireachta in Éirinn. Lean an bhallraíocht ag 40,000 custaiméir sa bhliain 2009 mar a bhí an bhliain roimhe sin. Ullmhaíodh agus seoladh táirge nua iontrála darbh ainm Vhi DeCare Dental Starter go luath i mí Feabhra 2010 agus bhí sé ar fáil ar an margadh ó 1 Aibreán 2010. Cuireann an táirge seo clúdach fiaclóireachta bunúsach ar leibhéal an-leathan ar fáil ó phraghas chomh híseal le €10 in aghaidh na míosa agus, toisc nach gcaithfear aon tréimhse feithimh a chur isteach, beidh custaiméirí nua ábalta leas a bhaint as na tairbhí láithreach. Cuireann an táirge seo go mór leis an raon tairbhí atá ar fáil do chustaiméirí san earnáil ÁSPC agus na hathruithe a rinneadh sa bhuiséad in 2009 á dtabhairt san áireamh.



Réitigh Chorporáideacha Vhi

Cuireann foireann Réitigh Chorporáideacha Vhi ardchaighdeán seirbhísí ar fáil ar raon ábhar bainteach le sláinte agus folláine fhostaithe go níos mó ná 200,000 duine thar réimse fairsing tionscal. Mar gheall ar an gcúlú eacnamaíochta, ba iad tosca geilleagracha is mó a raibh tionchar acu ar athruithe san áit oibre in 2009. Ba i bhfoirm iomarcaíochtaí, ciorraithe pá, laghdú ar uaireanta oibre, athruithe ar chleachtais oibre, stop curtha le tairbhí agus reo pá a tharla na hathruithe.

Acmhainní Daonna

Mar eagraíocht a dhéanann bainistiú ar a cuid teagmhálacha custaiméara féin, a riarann a polasaithe ballraíochta féin agus a dhéanann bainistiú ar an ngaol atá aici féin le scéimeanna grúpa corparáidigh, rinne Vhi um Chúram Sláinte an-cuid infheistíochta in oiliúint agus i bhforbairt a cuid fostaithe. Tá ár bhfostaithe uile bunaithe in Éirinn agus tá an seirbhís a chuireann siad ar fáil dár gcustaiméirí rithábhachtach maidir leis an gclú atá bainte amach againn san am atá thart agus leanfaidh sé ar aghaidh mar dhifreálaí tábhachtach idir muid féin agus ár gcuid iomaitheoirí sna blianta atá romhainn amach. Ag deireadh Nollaig 2009 d'fhostaíomar 888 (coibhéis lánaimseartha) duine in ocht láthair ar fud na hÉireann.

Urraíocht

Le linn Deireadh Fómhair 2009 bhí Vhi um Chúram Sláinte an-sásta dul i gcomhpháirtíocht le Cumann Ailse na hÉireann agus le Action Breast Cancer trí hurraíocht a dhéanamh ar Mhí Feasachta na hAilse Chíche agus ar Lá an Ribín Bhán Dearg 2009. Lean Vhi um Chúram Sláinte leis an gcomhpháirtíocht an-rathúil atá aici leis an CLG chomh maith trí Champaí Cúl CLG Vhi a reáchtáil chun spraoi agus teagasc a chur ar fáil san iománaíocht, sa pheil agus sa chamógaíocht do thart ar 82,500 páiste ar fud na tíre le linn an tsamhraidh.

Forbhreathnú – 2010

Measaimid gur bliain an-dúshlánach eile a bheidh in 2010. Maidir le cosaint a thabhairt do dhaoine aosta, cuirimid an-fáilte roimh an tiomantas – a fógraíodh ar an 27ú Bealtaine 2010 – ón Taoiseach agus ón Aire Sláinte agus Leanfaí ina leith seo. Creidimid go bhfuil an Rialtas tiomanta go hiomlán do phrionsabal an Phobalráitithe ach tá fórsaí margaidh ag déanamh damáiste don mheicníocht tacaíochta reatha atá ann nach bhfuil éifeachtach ach ag leibhéal 40% faoi láthair. Cruthaíodh Vhi um Chúram Sláinte sa bhliain 1957 agus bhí prionsabal an Phobalráitithe iniata sa chéad Acht den Oireachtas agus chuige sin is é an mórmhian atá againne ná go gcuirfidh an Rialtas na meicníochtaí láidre atá riachtanach chun cosaint a chur ar fáil do chustaiméirí árachais sláinte aosta i bhfeidhm go rathúil.



Jimmy Tolan
Príomhfheidhmeannach



Foireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin



Jimmy Tolan BComm, FCA
Príomhfheidhmeannach

Thosaigh Jimmy Tolan ag obair le Vhi um Chúram Sláinte mar Phríomhfheidhmeannach i mí Bealtaine 2008. Bhí an tUas Tolan ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Fyffes plc ó Eanáir 2007 agus rinne sé bainistiú ar fheidhm éadála Fyffes ó 1993. Cuntasóir cáilithe is ea Jimmy Tolan agus fuair sé a chuid oiliúna ó KPMG. Tá Céim BComm agus Dioplóma i gCuntasaíocht Ghairmiúil aige ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath.



Willie Shannon BBS, FCA
Stiúrthóir – Airgeadas

Is céimí é William Shannon de Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, áit ar ghnóthaigh sé a BBS sa bhliain 1974 agus a cáilíodh mar chuntasóir cairte i 1977. Thosaigh sé ag obair le gnólacht mhór bróicéirí árachais i 1987 agus ceapadh mar Stiúrthóir Airgeadais an Ghrúpa é ina dhiaidh sin. Thosaigh sé ag obair le Vhi um Chúram Sláinte mar Stiúrthóir Airgeadais sa bhliain 2002. Fónann sé ar roinnt coistí in Institiúid na gCuntasóirí Cairte. Is iar-Chathaoirleach ar Choiste Airgeadais Institiúid Árachais na hÉireann é chomh maith agus is Iar-Uachtarán ar Chumann na bhFeidhmeannach Airgeadais é.



Michael Owens
Stiúrthóir – Acmhainní Daonna

Tá BA ag Michael Owens i gcaidreamh tionsclaíoch agus is Comhalta Cairte den CIPD é. Thosaigh sé ag obair le Vhi um Chúram Sláinte i mí Lúnasa 1999 agus tá níos mó ná 29 bliain taithí aige i mbainistíocht acmhainní daonna, innealtóireacht solais, páipéar agus prionta, miondíol agus árachas tráchtála.



Dr Bernadette Carr MD, FRCPI, MPH, LFOM
Stiúrthóir – Míochaine

Is lia agus eipidéimeolaí í Bernadette Carr le taithí fhairsing chliniciúil agus taighde. Is céimí de Choláiste na hOllscoile, Corcaigh í agus i measc a cuid cáilíochtaí tá Comhaltacht in UCLA, Dochtúireacht Leighis ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ceadúnach de Dhámh um Míochaine Shaothair, Máistreacht i Sláinte Phoiblí agus Dioplóma i nDeirmeolaíocht Phraiteiciúil (Cardiff).

Toghadh í chun Comhaltachta Choláiste Ríoga na Lianna in Éirinn sa bhliain 1996. Thosaigh Bernadette ag obair le Vhi i 1994 mar Stiúrthóir Míochaine agus i measc a cuid freagrachtaí tá: caidreamh le soláthraithe agus idirbheartaíochtaí conartha; measúnú ar fhorbairt míochaine agus chúraim sláinte.



Tony McSweeney

Stiúrthóir – Gnó Aonair agus Corparáideach

Tháinig Tony McSweeney, atá ina chomhalta d'Institiúid Mhargaíochta na hÉireann agus ina Chomhalta d'Institiúid Díolachán na hÉireann, go Vhi um Chúram Sláinte ón tionscal saoil agus pinsean sa bhliain 1996. Tá sé freagrach as Seirbhísí Custaiméara, Riarachán Custaiméirí agus Díolacháin.



Declan Moran

Stiúrthóir – Margaíocht agus Forbairt Ghnó

Tá BSc in Eolaíocht Ríomhaireachta ag Declan Moran agus is Comhalta d'Institiúid na nAchtúirí é ón mbliain 1994. Tháinig sé go Vhi um Chúram Sláinte i 1997 ón tionscal saoil agus pinsean agus ceapadh ar Bhord Stiúrthóirí Vhi é sa bhliain 2008. Tá sé freagrach as punann táirgí Vhi um Chúram Sláinte a bhainistiú, táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus saineolas achtúireach a sholáthair laistigh den eagraíocht.



John Creedon

Stiúrthóir – Éilimh

Tá BSc ag John Creedon i bhFeidhmiúcháin Ríomhaire ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tá sé freagrach as seirbhís, riarachán agus íocaíocht foriomlán éileamh. Bhí roinnt post sinsearach aige i Vhi um Chúram Sláinte sular ceapadh ina Stiúrthóir é sa bhliain 1996.



Margaret Molony

Stiúrthóir – Teicneolaíocht Faisnéise

Tá taithí de níos mó ná 22 bliain ag Margaret Molony i Vhi um Chúram Sláinte agus tá sí freagrach as Seirbhísí Teicneolaíochta Faisnéise san eagraíocht. Thosaigh Margaret ag obair le Vhi um Chúram Sláinte i 1986 agus bhí roinnt post sinsearach aici ann sular ceapadh í sa phost ina bhfuil sí anois sa bhliain 2008.

Tuarascáil na Stiúrthóirí

Tá áthas ar na Stiúrthóirí an 53ú Tuarascáil Bhliantúil a chur i láthair de réir Alt 20 (1) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Tá Cuntais an Bhoird agus na nótaí gaolmhara atá mar chuid de na Cuntais sin curtha san áireamh sa tuarascáil seo, agus ullmhaíodh iad de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus cloíonn siad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

1. Príomhghníomhaíochtaí

Is corparáid reachtúil é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh arna bhunú ag an Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957 agus tá sé mar chuspóir aige córas airgeadais a sholáthar don chúram sláinte príobháideach, á chur i bhfeidhm ar bhonn cúnamh frithpháirtigh.

2. Torthaí

Tá na torthaí don 12 mhí go dtí 31 Nollaig 2009 leagtha amach sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

3. Athbhreithniú Gnó agus Forbairtí na Todhchaí

Tá athbhreithniú ar ghnó a rinneadh i rith na bliana, chomh maith le tuairimí an Bhoird ar fhorbairtí dóchúlacha amach anseo le fáil i Ráiteas an Chathaoirligh.

4. Freagrachtaí na Stiúrthóirí

Tá sé de dhualgas ar Stiúrthóirí cuntais a ullmhú le haghaidh gach tréimhse airgeadais, a thugann léargas cruinn agus cothrom ar staid reatha an Bhoird agus ar fharasbarr nó easnamh an Bhoird sa tréimhse sin.

Agus na cuntais sin á n-ullmhú, ní mór do na Stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh; agus
- na cuntais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin má tá sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an Bord ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as leabhair chuntas chuí a choimeád, a nochtann staid cruinn na heagraíochta go réasúnta cruinn ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go bhfuil na cuntais ullmhaithe de réir na gcaighdeán cuntasáíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn agus go gcloíonn siad le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais) 1996. Tá siad freagrach chomh maith as sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus mar sin, céimeanna réasúnta a thógáil chun calaois agus mírialtachtaí eile a aithint agus a chosc.

5. Rialachas Corparáideach

Tacaíonn na Stiúrthóirí le prionsabail an Rialachais Chorporáidigh atá mínithe sa Chomhchód Rialachais Chorporáidigh. Rinne an Chomhairle Tuairiscithe Airgeadais leasú ar an gComhchód Rialachais Chorporáidigh i mí Meitheamh 2008. Cé nach cuideachta liostaithe é, tá iarracht déanta ag an mBord cloí le forálacha an Chóid atá infheidhme agus dá bharr sin tuairiscíonn sé thíos ar chomhlíonadh an Chóid i gcaitheamh na bliana.

Measann na Stiúrthóirí go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord chun cloí leis na forálacha atá leagtha amach in alt 1 den Chomhchód: Cód Rialachais Chorporáidigh agus Cód Dea-Chleachtais, ach amháin maidir le ceapadh agus téarmaí oifige Stiúrthóirí, atá faoi chúram an Aire Sláinte agus Leanaí. Chuige seo, níl Coiste Ainmniúcháin nó Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách ag an mBord.

Bord Stiúrthóirí

Tá ról an Chathaoirleach agus an Phríomhfheidhmeannaigh ar leithligh óna chéile. Ceapann an tAire Sláinte agus Leanaí na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin uile le haghaidh téarmaí oifige 5 bliana.

Tagann an Bord le chéile seacht n-uaire ar a laghad in aghaidh na bliana agus coinnítear sceideal foirmiúil ábhar go sonrach dó chun cinntí a dhéanamh ina leith, lena n-áirítear an plean straitéiseach foriomlán, buiséid bhliantúla, cuntais agus tuarascáil bhliantúil agus mórghníomhaíochtaí corparáideacha a fhaomhadh. Seoltar páipéir Bhoird chuig gach comhalta in am tráthúil roimh chruinnithe. Tá oiliúint agus treoir oiriúnach ar fáil do na Stiúrthóirí uile nuair a ceaptar chuig an mBord iad, le tuilleadh oiliúna ar fáil ina dhiaidh sin, de réir mar is gá. Tá nósanna imeachta dréachtaithe ag an mBord do Stiúrthóirí chomh maith chun glacadh le comhairle ghairmiúil neamhspleách. Tá rochtain ag na Stiúrthóirí uile ar chomhairle agus ar sheirbhísí an Rúnaí. Tá clúdach árachais dlíteanais Stiúrthóra i bhfeidhm ag an mBord. Tá próiseas curtha i bhfeidhm ag an mBord chun measúnú a dhéanamh ar a chuid feidhmíochta.

Freastal ar Chruinnithe Boird a tionóladh i Rith na Bliana Airgeadais

	BORD	INIÚCHADH	LUACH SAOTHAIR
Bernard Collins*	7		4
Gillian Bowler	6		4
Humphrey Murphy	5		3
Liam Twohig**	5	4	
Criostóir Ó Cuana	6	2	
Jim Kelly	7		4
Julia Neuberger	6		
Cathal Magee	4	3	
Karen Hickey-Dwyer	6		
David Went	7		
Jimmy Tolan	7		
Declan Moran	7		

* Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair

** Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta

Déanann an Bord athbhreithniú ar na socruithe atá i bhfeidhm a cheadaíonn d'fhostaithe aon ábhair is cúram dóibh maidir le héagóracha féideartha i dtuairisciú airgeadais nó i gcúrsaí eile a ardú. Más gá, cinnteoidh sé go ndéanfar imscrúdú cuí agus go leanfaidh an ghníomhaíocht leantaigh uaidh sin.

Tuarascáil na Stiúrthóirí [ar lean]

Coiste Iniúcháireachta

Tá Coiste Iniúcháireachta ceaptha ag an mBord ar a bhfuil triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Tagann an Coiste Iniúcháireachta le chéile ceithre huaire in aghaidh na bliana ar a laghad agus déantar athbhreithniú ar na cuntais bhliantúla, rialú inmheánach agus cúrsaí comhlíonta agus éifeachtacht an iniúchta inmheánaigh agus seachtraigh. Tugann comhaltaí an Choiste Iniúcháireachta aghaidh chomh maith ar shaincheist an riosca, d'fhonn a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta na bainistíochta riosca agus prótacail tuairiscithe i bhfeidhm. Déanann an Coiste Iniúcháireachta moltaí don Bhord maidir le ceapachán an n-iniúcháirí seachtraigh agus déanann sé measúnú ar a n-oibiachtúlacht agus neamhspleáchas. Déantar athbhreithniú freisin ar an bplean agus ar na torthaí iniúcháireachta seachtrach ón iniúchadh ar na ráitis airgeadais. Tá príomh-ról agus freagrachtaí an Choiste Iniúcháireachta leagtha amach i dtéarmaí tagartha scríofa agus tá siad ar fáil ar iarratas.

Tá próiseas i bhfeidhm ag an gCoiste Iniúcháireachta chun a chinntiú nach ndéantar comhghéilleadh ar neamhspleáchas an iniúchta, lena n-áirítear monatóireacht a dhéanamh ar nádúr agus réim na seirbhísí curtha ar fáil ag iniúcháirí seachtracha trína athbhreithniú bliantúil ar tháillí a íoctar le hiniúcháirí seachtracha ar sheirbhísí iniúcháireachta agus neamh-iniúcháireachta.

Coiste Luach Saothair

Tá Coiste Luach Saothair ceaptha ag an mBord chomh maith a chuimsíonn an Cathaoirleach agus triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin. Tá an coiste freagrach as iarrthóirí a mholadh do cheapacháin bhainistíochta sinsearaí agus beartais luach saothair.

Rialú Inmheánach

Tá éifeacht tugtha ag an mBord do mholtaí an Rialaithe Inmheánaigh: Treoir do Stiúrthóirí maidir leis an gComhchód (Treoir Turnbull) a foilsíodh i Meán Fómhair 1999 agus a leasaíodh in 2005.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as córas rialaithe inmheánaigh an Bhoird agus as athbhreithniú a dhéanamh ar a chuid éifeachtacht agus comhlíonann siad an fhreagracht seo trí chruinnithe rialta an Choiste Iniúcháireachta. Tá freagracht i leith cur i bhfeidhm an chórais seo sannta acu don Bhainistíocht Feidhmiúcháin.

Tugann an córas rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta, ach ní dearbhú iomlán, go gcosnófar sócmhainní in aghaidh úsáide nó rialaithe neamhúdairithe agus go ndéanfar cothabháil ar thaifid chuntasaíochta chuí agus dearbhú d'iontaofacht na faisnéise a sholáthraíonn siad, le haghaidh úsáide inmheánaigh agus foilsithe araon.

Is iad príomhghnéithe an chórais ná:

- beartais, nósanna imeachta agus struchtúir eagrúcháin fhoirmiúla i bhfeidhm a thacaíonn le timpeallacht rialaithe láidir a choinneáil;
- áiríonn an straitéis gnó, an próiseas pleanála agus buiséadach anailís ar na mór-rioscaí gnó a théann i bhfeidhm ar an eagraíocht. Is próiseas leanúnach é measúnú riosca ar a leagann an Bord béim shuntasach;
- táirgtear sraith táscairí feidhmíochta agus faisnéise bainistíochta go pras ar bhonn míosúil. Ceadáíonn sé seo do mhonatóireacht ar dhul chun cinn maidir le cuspóirí níos fadtéarmaí agus buiséid bhliantúla, measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus gníomhú ar éagsúlachtaí.

Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe go bliantúil i gcomhthéacs pleananna straitéiseacha níos fadtéarmaí agus tugtar suas chun dáta go rialta iad;

- déantar doiciméadú ar nósanna imeachta cuntasafóichta, sainmhíniú ar thimthriallta idirbhirt, mionsonrú ar amchláir chuntasafóichta, rialú ar chomhéadain uathoibrithe, cuirtear próisis athbheithnithe agus réitigh i gcrích, leithscartar dualgais agus seiceáiltear teorainneacha údaraithe. Tá freagracht as na mórfheidhmeanna gnó uile leithdháilte ar chomhaltaí fhoirne cáilithe le taithí acu.
- ullmhaíonn feidhm na hIníúcháireachta Inmheánaigh an plean Iníúcháireachta Inmheánaigh agus faomhann an Coiste Iníúcháireachta é. Tuairiscíonn an tIníúchadh Inmheánach don Choiste Iníúcháireachta ar bhonn leanúnach.

Gnóthas Leantach

Tá cuntais an Bhoird ullmhaithe ar bhonn gnóthais leantaigh agus, tá na Stiúrthóirí sásta gur gnóthas leantach é an Bord, ag a bhfuil acmhainní leordhóthanacha chun leanúint ag feidhmiú sa todhchaí is intuartha. Ag teacht ar an tuairim seo, breithníonn na Stiúrthóirí go bhfuil sé oiriúnach a leithéid a dhéanamh bunaithe ar bhuiséad an Bhoird don bhliain 2010 agus pleananna meántéarmacha an Bhoird. Tá sé de dhualgas reachtúil ar an mBord a chinntiú go ngineann Vhi um Chúram Sláinte cistí dóthanacha i margadh an árachais sláinte phríobháidigh chun freastal ar riachtanais an ghnó. Gan athchóiriú rialála leordhóthanach, ní bheidh an dara rogha ag an mBord ach straitéisí comhroghnacha a chur i bhfeidhm a bhainfidh a chuid oibleagáidí reachtúla amach.

6. Luach Saothair na Stiúrthóirí

Tá leibhéil luach saothair bhliantúla don Chathaoirleach agus do gach Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin leagtha amach ag an Rialtas ag €21,600 agus €12,600 faoi seach le héifeacht ó 1 Bealtaine 2009 (€24,000 agus €14,000 faoi seach roimhe seo). Ní fhaigheann Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin aon luach saothair eile ná ní bhíonn aon chomhaontuithe seirbhíse nó conarthaí acu leis an mBord.

7. Príomhríosaí agus Neamhchinnteachtaí

Éilíonn dlí cuideachta na hÉireann anois ar chuideachtaí cur síos a dhéanamh ar na príomhríosaí agus neamhchinnteachtaí atá os a gcomhair. In ainneoin nach bhfuil an Bord faoi réir forálacha dlí cuideachta, measann na Stiúrthóirí gur rialachas corparáideach fóna atá i geist lena leithéid de chur síos a sholáthar.

Na príomhríosaí atá os comhair an ghnó ná:

- I. Is ceist mhór don ghnó í an neamhchinnteacht leanúnach maidir le meicníocht inbhuanaithe chun tacú go hiomlán le baill bhreacaosta na sochaí. I mí Iúil 2008 chinn an Chúirt Uachtarach go raibh an scéim um Chothromú Riosca, curtha i gníomh roimhe sin ag an Aire Sláinte agus Leanaí le héifeacht ó 1 Eanáir 2006, neamhbhaillí.

In 2009 tugadh isteach an tAcht Árachais Sláinte Leasaithe (Forálacha Ilchineálacha) agus sonraíodh mar cheann dá chuspóirí dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin agus árachas sláinte pobalráitithe a fheabhsú.

Tuarascáil na Stiúrthóirí [ar lean]

Chuir an tAcht tús le scéim a chuimsíonn tobhach ar chonarthaí árachais sláinte phríobháidigh d'fhonn ciste a ghiniúint le húsáid i bhfoirm Faoiseamh Cánach bainteach le hAois ag an bhFoinse (ARTRS) i dtreo na costais a bhaineann le daoine breacaosta a chur faoi árachas. Cumadh na rátaí a ríomhadh (féach an tábla thíos) go sonrach chun 50% den riosca amháin a chúiteamh, ach tá caillteanas €170m tabhaithe ag Vhi um Chúram Sláinte dá bharr seo fiú i ndiaidh tairbhe an ARTRS, ag freastal ar riachtanais chúraim sláinte ár gcustaiméirí breacaosta (280,000 os cionn 60 bliain d'aois). Is léir go bhfuil leibhéil chaillteanais dá leithéid inbhuanaithe tar éis 2010 agus faoi mar a luadh thuas, gan athchóiriú rialála, ní bheidh an dara rogha ag an mBord ach straitéisí comhroghnacha a chur i bhfeidhm a bhainfidh a chuid oibleagáidí reachtúla amach.

Chomh maith leis sin, tá an tAcht dréachtaithe ar an mbonn gur beart eatramhach (trí bliana) é agus níl aon chinnteacht i leith cad a tharlóidh nuair a bheidh na trí bliana sin caite.

II. Le linn scríobh na cáipéise seo, rinne an tAire Sláinte agus Leanaí iarratas go mbeadh Vhi um Chúram Sláinte in ann iarratas a dhéanamh ar cheadúnas mar árachóir údaráithe ar an Rialtóir Airgeadais faoi 1 Eanáir 2012. Cuireann an Rialtóir Airgeadais roinnt tástálacha i ngníomh agus é ag déanamh measúnaithe ar iarratas, lena n-áirítear, inter alia,

- leorgacht an leibhéil sócmhainneachta reatha
- leorgacht an staid sócmhainneachta mheántearmaí bunaithe ar chás doirbh 5 bliana.

Caithfidh Vhi um Chúram Sláinte a bheith caipitlithe go suntasach chun an Rialtóir Airgeadais a shásamh i gcás nach gcuirtear meicníocht níos cuimsithí agus níos buaine in áit an bhirt eatramhaigh agus beidh ar Vhi um Chúram Sláinte an Rialtóir Airgeadais a shásamh go bhfuil sé inbhuanaithe.

III. Thug an tAcht Árachais Sláinte Shaorálaigh (Leasú) 2008 cumhachtaí tráchtála breise do Vhi um Chúram Sláinte ach ní thiocfaidh siad seo i bhfeidhm go dtí go mbeidh siad faofa agus ceadúnaithe ag an Rialtóir Airgeadais (féach II thuas).

	TOBHACH		ARTRS		
	IARBHÍR 2009	MOLTA 2010	AOIS AG AM ATHNUACHANA	IARBHÍR 2009	MOLTA 2010
In aghaidh an Linbh (faoi 18)	€53	€55	50 > 59	€200	€200
In aghaidh an Duine Fásta	€160	€185	60 < 69	€500	€525
			70 < 79	€950	€975
			80+	€1,175	€1,250

IV. Tá brúnna suntasacha ar chostas chúram sláinte a gcaitear a mhaoiniú trí phréimheanna méadaithe, agus a d'fhéadfadh líon na ndaoine ag fáil árachais sláinte phríobháidigh sa mhargadh a laghdú dá bharr. I measc na nithe a mhéadaíonn costais tá:

- méadú suntasach ar líon na leapacha príobháideacha ar fáil, toisc gur tréith den mhargadh árachais sláinte é go méadóidh éileamh chun soláthar a chomhoiriúnú;
- bonn custaiméirí atá ag dul in aois agus a dtiocfaidh méadú suntasach ar a gcuid riachtanas leighis sna blianta atá le teacht
- forbairt ar dhrugaí agus teicneolaíochtaí nua costasacha le haghaidh nósanna imeachta cóireála agus diagnóiseacha araon
- ionchais níos airde maidir le cáilíocht agus rochtain mar thoradh ar níos mó saibhris agus eolais ar chúrsaí leighis; agus
- boillsíú leighis, atá tiomáinte ag teicneolaíocht, a mhéadaíonn níos tapúla ná gnáth-bhoillsíú go ginearálta.

Baineann Vhi um Chúram Sláinte úsáid as roinnt príomhtháscairí feidhmíochta i gcaitheamh a chuid gníomhaíochtaí éagsúla agus tá na cinn is suntasaí leagtha amach sa Tuarascáil Bhliantúil.

8. Íoc Pras Cuntas

Aithníonn an Bord an fhreagracht atá air a chinntiú go gcloítear le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht dhéanach in idirbhearta tráchtála), 2002). Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun na dátaí ar a bhfuil sonraisc dlí le hÍoc agus ar a

bhfuil íocaíochtaí le déanamh ar dátaí dá leithéid a aithint, agus dá réir sin, tá an Bord sásta bhfuil go bhfuil riachtanais na Rialachán comhlíonta ag an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

9. Fo-ghnóthais agus Gnóthais Ghaolmhara

Liostaítear fo-ghnóthais agus gnóthais eile an Bhoird ar an 31 Nollaig 2009, i nóta 24.

10. Leabhair Chuntais

Tá na Stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoimeádann an Bord leabhair chuntais chuí agus baineadh é seo amach trí phearsanra cuntasáíochta atá cáilithe go cuí a fhostú agus trí chórais cuntasáíochta chuí a choimeád. Tá na leabhair chuntais suite i gceannoifig an Bhoird ag Teach Vhi, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.


11. Iniúcháirí

Leanann na hiniúcháirí Deloitte & Touche, Cuntasóirí Cáirte, ar aghaidh in oifig de réir Alt 19 (2) den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957.

Thar ceann an Bhoird:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

24 Márta 2010

Tuarascáil na nIniúcháirí

Tuarascáil na nIniúcháirí Neamhspleácha chuig Stiúrthóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh

Tá iniúchta déanta againn ar ráitis airgeadais an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh don tréimhse dar críoch 31 Nollaig 2009 a chuimsíonn an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas Sreabhadh Airgid, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlána, ráiteas na mbeartas cuntasáiochta agus na nótaí gaolmhara 1-25. Táthar tar éis na ráitis airgeadais seo a ullmhú faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach anseo.

Déantar an tuarascáil seo do Stiúrthóirí Boird an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh, agus dóibh siúd amháin, de réir Alt 19 den Acht Árachais Sláinte Shaorálaigh 1957. Chuathas i mbun ár gcuid oibre iniúchta ionas go bhféadfaimis na nithe sin a bhfuil sé de cheangal orainn a shonrú do na Stiúrthóirí a dhéanamh i dtuarascáil na n-iniúcháirí agus ní ar mhaithe le críoch ar bith eile. Chomh fada agus atá ceadaithe de réir an dlí, ní ghlactar ná ní ghabhtar freagracht chugainn féin as ucht duine ar bith seachas an Bord agus na Stiúrthóirí mar chomhlacht dár gcuid oibre iniúchta, don tuarascáil seo, nó do na tuairimí atá curtha i dtoll a chéile againn.

Freagrachtaí na Stiúrthóirí agus na nIniúcháirí Faoi Seach

Tá na Stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil a ullmhú, lena n-áirítear, faoi mar atá leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, na ráiteas airgeadais úd a ullmhú de réir an dlí is infheidhme agus caighdeán chuntasaíochta eisithe ag Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leis Go Coitianta in Éirinn).

Táthar freagrach, mar iniúcháirí neamhspleácha, as na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir na gceanglas dlíthiúil agus rialála ábhartha agus de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire).

Tuairiscítear ár dtuairim daoibh maidir le cibé an dtugann na ráitis airgeadais léargas cruinn agus cothrom, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn, agus atá ullmhaithe go cuí de réir Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996.

Déantar athbhreithniú ar cibé an léiríonn an ráiteas rialachais chorparáidigh comhlíonadh deonach an Bhoird de naoi bhforáil na gCód FRC arna sonraíodh dár n-athbhreithniú agus déanfar tuairisciú mura léirítear amhail. Níl sé de dhualgas orainn tuairim a chur in iúl ar éifeachtacht nósanna imeachta rialachais chorparáidigh an Bhoird nó ar a chuid rialuithe inmheánacha.

Léitear an fhaisnéis eile atá sa tuarascáil bhliantúil agus déantar breithniú ar na himpleachtaí dár dtuarascáil féin má thugtar aon mhiráiteas dealraitheach nó neamhréireachtaí ábhair maidir leis na ráitis airgeadais faoi deara. Is éard atá san fhaisnéis eile ná Tuarascáil an Stiúrtóra amháin, lena n-áirítear an ráiteas rialachais chorparáidigh, Ráiteas an Chathaoirligh, Athbhreithniú na nOibríochtaí agus na Graif agus Torthaí Comparáideacha. Ní bhaineann ár gcuid freagrachtaí le faisnéis eile.

Bunús leis an Tuairim Iniúcháireachta

Chuathas i mbun iniúcháireachta de réir na gCaighdeán Iniúcháireachta Idirnáisiúnta (An Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúcháireachta. Áiríonn iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar an bhfianaise a bhaineann le méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Áirítear freisin measúnú ar na breithiúnais agus meastacháin suntasacha a rinne na stiúrthóirí agus iad ag ullmhú na ráiteas airgeadais agus ar cibé an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí an Bhoird, curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus nochta go leordhóthanach.

Rinneadh ár n-iniúchadh a phleanáil agus a fheidhmiú chun an fhaisnéis agus na míniúcháin uile a ghnóthú gur shíleamar a bheith riachtanach d'fhonn sinn a sholáthar le leorfhianaise chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhiráiteas ábhartha, bíodh siad mar thoradh ar chalaos nó mírialtacht nó botún eile. Agus ár dtuairim á fhoirmiú againn, rinneadh measúnú ar leorgacht cur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

Béim ar Ábhar – Cothromú Riosca agus Riachtanas Sócmhainneachta

Gan ár dtuairim a mhodhnú, tá breithniú déanta ar an nochtadh a rinneadh i Nótaí 1 agus 25 maidir le hinmharthanacht airgeadais an Bhoird sa chás nach gcuirtear scéim um chothromú riosca buan in áit an bhirt eatramhaigh agus ar an riachtanas go

gcaithfidh an Bord a bheith in ann iarratas a dhéanamh ar cheadúnas árachais ón Rialtóir Airgeadais faoi 1 Eanáir 2012. Breithníonn an Bord, gan athchóiriú rialála leordhóthanach, nach mbeidh an dara rogha ag an mBord ach straitéisí comhroghnacha a chur i bhfeidhm a bhainfidh a chuid oibleagáidí reachtúla amach. De bharr suntasacht na neamhchinnteachtaí seo agus a dtionchar féideartha ar an mBord, meastar gur cheart bhur n-aird a tharraingt ar na nithe seo.

Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas cruinn agus cothrom, de réir Cleachtais Chuntasaíochta a nGlactar leis go Coitianta in Éirinn agus de réir Rialachán na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996, ar staid reatha na cuideachta ar an 31 Nollaig 2009 agus ar an easnamh don bhliain dar críoch sin.

Deloitte & Touche

*Cuntasóirí Cairte agus Iniúcháirí Cláraithe
Baile Átha Cliath*

24 Márta 2010

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta

Bunús Ullmhúcháin

Ullmhaítear na cuntais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta in Éirinn, Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnóthais Árachais: Cuntais), 1996 agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta ar Chuntasaíocht i nGnó an Árachais (SORP) arna ghlacadh ag Cumann Árachóirí na Breataine.

Is iad seo a leanas na príomh-bheartais chuntasaíochta a nglactar leo:

Bunús na Cuntasaíochta

Ullmhaítear na cuntais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhionathrú ag athluacháil na n-infheistíochtaí.

Éilíonn ullmhú na gcuntas de réir na bprionsabal cuntasaíochta a nglactar leo go coitianta, go ndéanfaí breithiúnas le linn beartas cuntasaíochta an Bhoird a chur i bhfeidhm. Baineann na réimsí ina bhfuil ardleibhéal breithiúnais nó castachta i gceist, nó na réimsí ina bhfuil toimhdí nó meastacháin suntasach i leith na gcuntas, go príomha le soláthairtí d'éilimh atá gan íoc agus rioscaí neamhchaite, agus déantar doiciméadú orthu sna beartais chuntasaíochta anseo thíos. Tá na soláthairtí d'éilimh gan íoc agus rioscaí neamhchaite bunaithe ar mhodhanna achtúireacha ríomha atá athbheithnithe ag achtúirí comhairleacha an Bhoird, Watson Wyatt LLP.

Préimheanna Scríofa

Is éard atá i gceist le hollphréimheanna scríofa ná an t-ioncam préimhe is infhaighte ó bhaill maidir le beartais a thosaíonn sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i gceist le préimheanna neamhthuillte ná an chuid sin de phréimheanna scríofa sa bhliain a bhaineann leis an téarma beartais neamhchaite atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhordaithe, agus ríofa ar bhonn cionranna ama.

Éilimh Thabhaithe

Is éard atá i gceist le héilimh tabhaithe ná éilimh agus speansais ghaolmhara a íocadh i rith na bliana in éineacht le hathruithe ar sholáthairtí d'éilimh gan íoc, lena n-áirítear forálacha do chostas measta na n-éileamh atá tuairiscithe ach nach bhfuil íoctha fós, éilimh tabhaithe ach gan a bheith tuairiscithe agus speansais láimhseála ghaolmhara.

Léiríonn an soláthar comhlán d'éileamh an dliteanas measta ag éirí as éilimh mhíochaine tabhaithe sa bhliain airgeadais reatha agus roimhe sin nár léirigh na héilimh atá le híoc fós. Ceadaíonn an soláthar do liúntas le haghaidh láimhseála éileamh agus speansas.

Déantar meastachán ar an soláthar éilimh bunaithe ar an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil chomh maith le faisnéis agus eachtraí a tharlaíonn ina dhiaidh sin. Cuirtear coigeartuithe do mhéid an tsoláthair éilimh do bhlianta roimhe sin san áireamh sa chuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain airgeadais ina ndéantar an t-athrú.

Rioscaí Neamhchaite

Déantar foráil, bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil ag dáta an chláir chomhordaithe, d'aon easnaimh fhrithgheallta mheasta a bhaineann le rioscaí neamhchaite tar éis toraidh infheistíochta ábhartha a chur san áireamh.

Déantar toimhdí stuama ionas gur cheart go mbeadh an foráil leordhóthanach i gcúinsí neamhfhabhracha atá réasúnta intuartha.

Cánachas Iarchurtha

Soláthraítear cánachas iarchurtha ar dhifríochtaí ama idir fharasbarr incháinithe an Bhoird agus a fharasbarr mar a shonraítear sna cuntais. Déantar na soláthairtí ag na rátaí cánach a mbítear ag súil a mbeidh i bhfeidhm sna tréimhsí ina mbítear ag súil go n-aisiompóidh difríochtaí ama. Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha sa mhéid is gur dóchúil go bhfaighfear ar ais iad.

Faoiseamh Cánach Bainteach le hAois agus Tobhach an Árachais Sláinte

Is éard atá i gceist le faoiseamh cánach bainteach le haois agus Tobhach an Árachais Sláinte atá scríofa ná méideanna is infhaighte/iníoctha do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le beartais ag tosú sa bhliain airgeadais.

Is éard atá i gceist le soláthar do chreidmheasanna/tobhach neamhthuillte/gan chostas bainte ná an chuid sin de na creidmheasanna/tobhach scríofa sa bhliain a bhaineann leis an téarma beartais neamhchaite atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhordaithe, agus ríofa ar bhonn cionranna ama. Aithnítear an glansochar ar bhonn préimhe tuillte thar saolré na mbeartais agus áirítear mar ioncam teicniúil eile sa chuntas ioncaim agus caiteachais é.

Sócmhainní Inláimhsithe

Sonraítear sócmhainní inláimhsithe ag costas, lúide dímhéas carntha. Ríomhtar dímhéas chun costas na sócmhainní a dhíscríobh thar a gcuid saolréanna fóna measta ar bhonn méid chothroim mar seo a leanas:

Mótarfheithiclí	4 bliana
Trealamh ríomhaireachta	4 bliana
Bogearraí	4-6 bliana
Troscán, feisteas agus trealamh oifige	5 bliana

I gcás caiteachais a thabhaítear ag forbairt córas ríomhaireachta atá suntasach ó thaobh méid de agus a mheastar a mbaineann tairbhe gheilleagrach leis don Bhord a mhairfidh níos mó ná bliain amháin amach anseo, déanfar é a chaipitliú agus a dhímheas thar an tréimhse ina bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh na tairbhí geilleagracha chun cinn. Tá an tréimhse seo faoi réir uasmhéid sé bliana. I gcás neamhchinnteachta maidir lena thairbhe gheilleagrach amach anseo, baintear an caiteachas ón gcuntas loncam agus Caiteachais.

Infheistíochtaí

Sonraítear infheistíochtaí atá coinnithe le haghaidh trádála, lena n-áirítear urrúis liostaithe, ag luach an mhargaidh. Is éard atá i luach an mhargaidh ná an praghas tairgthe, lúide ús fabhráithe ag dáta an chláir chomhordaithe. Cinntear gnóthachain/cailteanais ar idirbhearta infheistíochta ar bhonn meánchostais agus déantar taifead dóibh sa chuntas loncaim agus Caiteachais.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta [ar lean]

Sonraítear infheistíochtaí, nuair atá sé i gceist iad a choinneáil go dtí an dáta fuascailte, lena n-áirítear stoic rialtais agus stoic ráthaithe rialtais, ag costas amúchta thar an tréimhse idir an dáta ceannaigh agus an dáta fuascailte.

Déantar luacháil ar thalamh agus ar fhoirgnimh go bliantúil ar bhonn luachála margaidh oscailte. Déanann luachálaithe neamhspleácha atá cáilithe go gairmiúil na luachálacha. Coinnítear na maoine uile atá áitithe ag an mBord i ndeisiúocht leanúnach maith. Mar thoradh air sin, breithníonn na stiúrthóirí go bhfuil aon dímhéas i leith saolta geilleagracha agus luachanna iarmharacha na maoine seo neamhsuntasach agus mar sin ní sholáthraítear é.

Lagú

Déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais, seachas iad siúd ag luach an mhargaidh, le haghaidh táscairí laghdaithe ag dáta gach clár comhordaithe. Tá sócmhainní airgeadais lagaithe nuair atá fianaise oibiachtúil ann, mar thoradh ar eachtra amháin nó níos mó a tharla tar éis na sócmhainne airgeadais a aithint i dtosach, go bhfuil curtha isteach ar shreabhadh airgid measta na hinfheistíochta sa todhchaí.

Ioncam Infheistíochta

Glactar leis go n-áirítear ioncam a thuilltear ar bhonn lá go lá in úrrús ar stoic agus taiscí bainc ar ús seasta. Tugtar cuntas ar an ioncam uile ar bhonn fabhráithe. Áirítear ioncam ó ghnáthscaireanna ar bhonn na ndíbhinní a fhaightear i rith na bliana airgeadais.

Toradh ar Infheistíocht

Tuairiscítear torthaí oibriúcháin ar bhonn toradh infheistíochta níos fadtéarmaí. Ríomhtar an toradh infheistíochta níos fadtéarmaí bunaithe ar rátaí a ndéantar athbhreithniú orthu go bliantúil agus a léiríonn taithí stairiúil agus ionchais reatha na stiúrthóirí de thorthaí infheistíochta. Corpraítear an luaineacht ghearrthéarmach i dtoradh infheistíochta, a léiríonn an difríocht idir an toradh níos fadtéarmaí agus an toradh iarbhair, nuair a atáthar ag teacht ar an farasbarr/(easnamh) roimh chánachas.

Tá leithdháileadh an toraidh infheistíochta ón gcuntas neamhtheicniúil chuig an gcuntas teicniúil bunaithe ar an toradh níos fadtéarmaí ar infheistíochtaí atá inchurtha i leith an ghnó árachais.

Sochair Scoir

Cinntear an costas a bhaineann le sochair a sholáthar agus dliteanas na bpleananna sochair shainithe, ag baint úsáide as an modh aonaid creidmheasa réamh-mheasta, le luachálacha achtúireacha á ndéanamh ag dáta gach clár comhardaithe.

Aithnítear costas seirbhíse, costas úis agus toradh ar shócmhainní scéime reatha sa chuntas ioncaim agus caiteachais. Aithnítear gnóthachain agus caillteanas achtúireacha i ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlána. Aithnítear iar-chostas seirbhíse láithreach. Aithnítear an farasbarr nó easnamh glan ar an scéim pinsean shochair shainithe, glan ó chánachas iarchurtha, ar an gclár comhardaithe.

Ina theannta sin, soláthraíonn an Bord sochair do phinsinéirí áirithe chomh maith i leith clúdaigh árachais sláinte, atá neamh-mhaoinithe. Déantar oibleagáid an Bhoird maidir leis na sochair seo a thomhas ag baint úsáide as an modh aonaid creidmheasa réamh-mheasta agus déantar lascainiú air go dtí an luach reatha, le luachálacha achtúireacha á ndéanamh ag dáta gach clár comhardaithe. Aithnítear méid iomlán oibleagáide an Bhoird ar an gclár comhardaithe agus áirítear an muirear don bhliain sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Costais Éadála Iarchurtha

Cuirtear na costais a thabhaítear i rith na bliana airgeadais, atá inchurtha go díreach i leith gnó nua a ghnóthú, síos mar speansais sa tréimhse chuntasaíochta chéanna ina dtuilltear na préimheanna lena mbaineann siad. Aithnítear na costais éadála eile go léir mar speansais nuair a thabhaítear iad.

Tar éis iad a aithint i dtosach, iarchuirtear na costais seo i gcomhréir le soláthar na bpréimheanna neamhthuillte. Dá bhrí sin, is ionann an méid atá iarchurtha agus an céatadán de na costais éadála iomlána atá idir sholáthar na bpréimheanna neamhthuillte agus na hollphréimheanna scríofa. Déantar taifead ar amúchadh sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Déantar athbhreithniú ar chostais éadála iarchurtha ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe agus díscríobhtar iad nuair a bhreithnítear nach bhfuil siad inghnóthaithe níos mó ó chorrailigh ionchais sa todhchaí.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

Cuntas Teicniúil: Árachas Sláinte

	Nótaí	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Préimh Thuillte:	2		
Ollphréimheanna scríofa		1,350.6	900.1
Athrú ar an soláthar comhlán do phréimheanna neamhthuillte		(37.0)	125.3
		1,313.6	1,025.4
Toradh na hinfheistíochta leithdháilte aistrithe ón gcuntas neamhtheicniúil		25.1	34.7
		1,338.7	1,060.1
Ioncam teicniúil eile:			
Creidmheasanna/tobhach cánach bainteach le haois	3	29.8	–
Éilimh thabhairthe:			
Éilimh íoctha		(1,340.5)	(981.4)
Athrú ar an soláthar d'éilimh		1.5	22.5
		(1,339.0)	(958.9)
Athrú ar sholáthairtí teicniúla eile:			
Cúlchiste riosca neamhchaite	4	13.1	(13.1)
Glanchoistais oibriúcháin	5	(92.4)	(84.7)
Iarmhéid sa chuntas teicniúil um árachas sláinte		(49.8)	3.4

Cuntas Neamhtheicniúil: Árachas Sláinte

	Nótaí	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Gníomhaíochtaí Leanúnacha			
Iarmhéid sa chuntas teicniúil um árachas sláinte		(49.8)	3.4
Toradh infheistíochta níos fadtéarmaí	6	25.1	34.7
Toradh na hinfheistíochta leithdháilte aistrithe chuig an gcuntas teicniúil um árachas sláinte		(25.1)	(34.7)
Farasbarr oibriúcháin		(49.8)	3.4
Luaineacht ghearrthéarmach i dtoradh na hinfheistíochta	6	1.6	(77.2)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas			
Cánachas ar ghnáthghníomhaíochtaí	7	(48.2)	(73.8)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh cánachais, tugtha ar aghaidh chuig na cúlchistí	8	6.5	8.8
		(41.7)	(65.0)

D'fhaomh an Bord na cuntais ar 24 Márta 2010, agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:

Bernard Collins
Cathaoirleach

Liam Twohig
Stiúrthóir

Clár Comhardaithe

Sócmhainní

	Nótaí	NOLL-2009 €m	NOLL-2008 €m
Infheistíochtaí			
Talamh agus foirgnimh	9	28.7	40.7
Infheistíochtaí airgeadais eile	10	704.9	736.3
Féichiúnaithe			
Féichiúnaithe ó bhaill ag éirí as oibríochtaí árachais		413.7	384.8
Féichiúnaithe eile	11	140.0	6.6
Sócmhainní Eile			
Sócmhainní inláimhsithe	12	35.5	46.7
Cánachas iarchurtha	13	8.3	1.8
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe			
Réamhíocaíochtaí		1.9	1.4
Ús fabhráithe		10.6	8.2
Costais éadála iarchurtha	14	9.1	9.0
Iomlán na Sócmhainní		1,352.7	1,235.5


Dliteanais

	Nótaí	NOLL-2009 €m	NOLL-2008 €m
Cúlchistí			
Cúlchiste ginearálta		306.5	337.9
Soláthairtí teicniúla			
Soláthar do phrímheanna neamhthuillte		486.7	449.7
Éilimh gan íoc		309.2	310.7
Soláthairtí teicniúla eile	4	–	13.1
Creidiúnaithe			
Creidiúnaithe chuig baill ag éirí as oibríochtaí árachais		40.7	40.8
Creidiúnaithe agus fabhrúithe eile	15	153.3	20.0
Rótharraingt bhainc		17.9	13.6
Dliteanas na Sochar Scoir	16	38.4	49.7
Iomlán na nDliteanas		1,352.7	1,235.5

D'fhaomh an Bord na cuntais ar an 24 Márta 2010, agus shínigh na daoine seo a leanas iad ar a shon:



Bernard Collins
Cathaoirleach



Liam Twohig
Stiúrthóir

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid

	<i>Nótaí</i>	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	17	(45.6)	(50.2)
Cánachas		–	(2.2)
Caiteachas caipitil		(3.4)	(17.3)
		(49.0)	(69.7)
Rinneadh Infheistiú ar an sreabhadh airgid mar seo a leanas:			
Laghdú sna sealúchais airgid thirim		(4.3)	(11.9)
Glanlaghdú punainne	18 & 20	(44.7)	(57.8)
Glanlaghdú ar shreabhadh airgid	19	(49.0)	(69.7)

Ráiteas na nGnóthachan agus na gCailteanas Aitheanta Iomlána

	<i>Nótaí</i>	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Easnamh don tréimhse airgeadais		(41.7)	(65.0)
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach ar an gciste pinsin	16	10.3	(19.6)
Cailteanais aitheanta iomlána maidir leis an tréimhse		(31.4)	(84.6)
Coigeartú na bliana roimhe sin		–	7.4
Cailteanais aitheanta iomlána ón tuarascáil deireanach		(31.4)	(77.2)

Nótaí do na Cuntais

1. Gnóthas Leantach

Tá cuntais an Bhoird ullmhaithe ar bhonn gnóthais leantaigh agus, tá na Stiúrthóirí sásta gur gnóthas leantach é an Bord, ag a bhfuil acmhainní leordhóthanacha chun leanúint ag feidhmiú sa todhchaí is intuartha. Ag teacht ar an tuairim seo, breithníonn na Stiúrthóirí go bhfuil sé oiriúnach a leithéid a dhéanamh bunaithe ar bhuiséad an Bhoird don bhliain 2010 agus pleananna meántéarmacha an Bhoird. Tá sé de dhualgas reachtúil ar an mBord a chinntiú go ngineann Vhi um Chúram Sláinte cistí dóthanacha i margadh an árachais sláinte phríobháidigh chun freastal ar riachtanais an ghnó. Gan athchóiriú rialála, ní bheidh aon dara rogha ag an mBord ach straitéisí comhroghnacha a chur i bhfeidhm a bhainfidh a chuid oibleagáidí reachtúla amach.

2. Préimh Thuillte

Is ionann gnó árachais an Bhoird agus árachas sláinte go substaintiúil agus baineann préimh thuillte leis an réimse gnó seo den chuid is mó. Is ionann ioncam ó tháirgí coimhdeacha agus €17.6m. Rinneadh an gnó scríofa go léir i bPoblacht na hÉireann.

3. Faoiseamh Cánach Bainteach le hAois agus Tobhach an Árachais Sláinte

In 2009 tugadh isteach an tAcht Árachais Sláinte Leasaithe (Forálacha Ilchineálacha) agus sonraíodh mar cheann dá chuspóirí dlúthpháirtíocht ó ghlúin go glúin agus árachas sláinte pobalráitithe a fheabhsú.

Chuir an tAcht tús le scéim eatramhach (3 bliana ón 1 Eanáir 2009) a chuimsíonn tobhach ar chonarthaí árachais sláinte phríobháidigh d'fhonn ciste a ghiniúint le húsáid i bhfoirm Faoiseamh Cánach bainteach le hAois ag an bhFoinse (ARTRS) i dtreo na costais a bhaineann le daoine breacaosta a chur faoi árachas.

Faoiseamh Cánach bainteach le hAois ag an bhFoinse

Faoi théarmaí an Achta seo, ba iad seo a leanas na rátaí infheidhme don bhliain 2009 maidir le faoiseamh cánach breise ag an bhfoinse:

Custaiméirí d'aois idir:	50-59:	€200	60-69:	€500
	70-79:	€950	80+:	€1,175

Tuilltear an faoiseamh cánach bainteach le haois thar téarma an bheartais. Ag 31 Nollaig 2009 b'ionann luach an fhaoisimh chánach neamhthuillte agus €81m.

Tobhach an Árachais Sláinte

Faoi théarmaí an Achta, tá Tobhach dleachta stampála de €160 in aghaidh an duine fásta agus €53 in aghaidh an pháiste le híoc nuair a chuirtear tús le nó nuair a dhéantar athnuachan ar pholasaí árachais sláinte phríobháidigh. Cé go bhfuil an tobhach le híoc go hiomlán nuair a chuirtear tús le nó nuair a dhéantar athnuachan ar pholasaí, baintear é thar saolré an pholasaí agus b'ionann cuid neamhchaite an tobhaigh agus €69.9m ag 31 Nollaig 2009.

Nótaí do na Cuntais [ar lean]

3. Faoiseamh Cánach Bainteach le hAois agus Tobhach an Árachais Sláinte [ar lean]

B'ionann an glanmhéid a aithníodh sa chuntas ioncaim agus caiteachais agus €29.8m (faoiseamh cánach aoise €161.6m, lúide tobhach €131.8m). Féach nóta 25 a thugann breac-chuntas ar an ngá atá le réiteach níos buaine.

4. Soláthairtí Teicniúla Eile

Déanann an Bord measúnú gach bliain ar cibé an dtabhóidh sé caillteanas ar mhír neamhéagtha na gconarthaí atá ann cheana nó ar chonarthaí a bhfuil sé de dhualgas air a thosú nó a athnuachan. Tá meastachán na gcaillteanas seo bunaithe ar shamhail a úsáideann caighdeáin cleachtais achtúireacha oiriúnacha. Baineann an príomh-neamhchinnteacht le costas agus méid na n-éileamh amach anseo. Is ionann an méid soláthartha ag Nollaig 2009 agus €Nialas (Nollaig 2008: €13.1m).

5. Glanchostais Oibriúcháin

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Costais riaracháin	67.1	65.6
Costais éadála	25.4	18.0
Costais éadála larchurtha	(0.1)	1.1
	92.4	84.7

Is ionann costais Árachais Sláinte Lárnaigh atá áirithe sna glanchostais oibriúcháin agus €84.7m agus baineann an €7.7m atá fágtha le táirgí coimhdeacha.

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009	10 MÍ GO NOLL-2008
Ba é meánlíon na ndaoine, lena n-áirítear fostaithe páirtaimseartha, a bhí fostaithe ag an mBord ná:	907	913

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
B'ionann na costais foirne agus:		
Pánna agus tuarastail	47.2	41.0
Costais leasa shóisialaigh	4.8	4.1
Sochair scoir	6.1	5.5

B'ionann na táillí iomlána, lena n-áirítear ranníocaíocht phinsin, a íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach agus a áiríodh sna glanchostais oibriúcháin sa bhliain go Nollaig 2009, agus €412,003, (8 mí dar críoch Nollaig 2008 €274,997).

6. Toradh na hInfheistíochta

(a) Toradh na hInfheistíochta Níos Fadtéarmaí

Tá na rátaí infheistíochta atá mar bhunús le ríomh thoradh na hinfheistíochta níos fadtéarmaí leagtha amach anseo thíos.

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 %	10 MÍ GO NOLL-2008 %
Talamh agus foirgnimh	7.1	7.5
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithigh eile	8.1	8.5
Urrúis féich/urrúis ar ús seasta	3.2	3.8
Taiscí le hinstitiúidí creidmheasa	3.0	2.5

(b) Comparáid idir Thoradh na hInfheistíochta Níos Fadtéarmaí agus Thoradh Iarbhír

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Toradh iarbhír:		
Ioncam ó thalamh agus foirgnimh	0.2	0.1
Ioncam ó infheistíochtaí eile	34.3	23.4
Caillteanais ar réadú infheistíochtaí	(7.8)	(36.0)
Caillteanais neamhréadaithe ar thalamh agus foirgnimh	(12.3)	(3.8)
Gnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí coinnithe go haibíocht	2.1	(9.4)
Gnóthachain/(caillteanais) neamhréadaithe ar infheistíochtaí coinnithe le haghaidh trádála	11.2	(15.7)
Costais bhainistíochta infheistíochta	(1.0)	(1.0)
	26.7	(42.5)
Toradh na hinfheistíochta níos fadtéarmaí	25.1	34.7
Luaineacht ghearrthéarmach	1.6	(77.2)

Tá méid iomlán thoradh na hinfheistíochta níos fadtéarmaí aistrithe ón gcuntas neamhtheicniúil chuig an gcuntas teicniúil ar an mbonn go bhfuil cúlchistí an Bhoird níos ísle ná leibhéal an chorráigh shócmhainneachta atá ag teastáil ón rialtóir agus mar sin meastar go bhfuil na cúlchistí uile ag tacú leis na soláthairtí teicniúla.

Nótaí do na Cuntais [ar lean]

7. Cánachas ar Ghnáthghníomhaíochtaí

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Cuimsíonn an muirear cánach sa chuntas ioncaim agus caiteachais:		
Cánachas reatha don bhliain	–	6.6
Cánachas iarchurtha – sochar	6.5	2.2
	6.5	8.8

Tosca ag Dul i bhFeidhm ar an Muirear Cánacha Reatha don Tréimhse Airgeadais

Ríomhtar an cánachas reatha don tréimhse airgeadais ag ráta atá difriúil ó ráta caighdeánach na cánach corparáide in Éirinn ar ionann é agus 12.5% (Nollaig 2008: 12.5%).

Mínítear na difríochtaí anseo thíos:

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	(48.2)	(73.8)
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí, méadaithe faoin ráta caighdeánach cánach corparáide de 12.5% (2008: 12.5%)	6.0	9.2
Éifeachtaí de chuid:		
Costais nach gceadaítear chun críocha cánachais	0.5	(1.5)
Caillteanais a thugtar ar aghaidh	(6.2)	–
Liúntais chaipitil atá níos mó ná dímhéas na tréimhse	(0.3)	(1.1)
Cánachas reatha don tréimhse airgeadais	0.0	6.6

8. Easnamh ar Ghnáthghníomhaíochtaí i ndiaidh Cánachais, Tugtha ar Aghaidh chuig na Cúlchistí

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Sonraítear easnamh na tréimhse airgeadais tar éis a ghearrtar:		
Dímhéas sócmhainní seasta inláimhsithe	14.4	8.8
Luach Saothair an Bhoird (lena n-áirítear costais €9,803 (Nollaig 2008 €11,987))	0.9	1.1
Luach Saothair na nIniúcháirí		
Táille iniúcháireachta	0.1	0.1
Táillí tuairisceáin reachtúla eile	0.2	0.0
Táillí Neamh-iniúcháireachta	0.2	0.0

9. Talamh agus Foirgnimh

	NOLL-2009 €m	NOLL-2008 €m
Luacháil:		
Ag 1 Eanáir	40.7	44.5
Breiseanna	0.3	0.0
Caillteanas ar athluacháil	(12.3)	(3.8)
Ag deireadh na bliana	28.7	40.7

Tá an talamh agus na foirgnimh thuas áitithe ag an mBord dá chuid gníomhaíochtaí féin agus ar ruileas den chuid is mó.

Rinneadh luacháil ar an talamh agus ar na foirgnimh ar 31 Nollaig 2009 ag luach margaidh oscailte de réir caighdeáin mheasúnaithe agus luachála Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte (RICS) Rinne na luachálaithe seachtracha, Thorntons Chartered Surveyors, Hamilton Osborne King, DTZ Sherry Fitzgerald agus O’Keeffe Auctioneers, na luachálacha seo.

Mura mbeadh athluacháil déanta ar an talamh agus ar na foirgnimh, bheadh siad curtha san áireamh ag na méideanna seo a leanas a léiríonn costas nó glanluach inréadaithe níos ísle.

	NOLL-2009 €m	NOLL-2008 €m
Costas tosaigh	19.5	19.5
Breiseanna	0.3	–
Costais deiridh	19.8	19.5

Nótaí do na Cuntais [ar lean]

10. Infheistíochtaí Airgeadais Eile

	NOLL-2009 LUACH MARGAIDH €m	NOLL-2009 COSTAS €m	NOLL-2008 LUACH MARGAIDH €m	NOLL-2008 COSTAS €m
Coinnithe le haghaidh Trádála				
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithe eile	37.0	37.1	152.1	165.6
Urrúis féich/urrúis ar ús seasta	95.9	94.8	136.8	133.8
Infheistíochtaí eile	1.9	4.0	1.6	3.4
Taiscí le hinstiúidí creidmheasa	28.6	28.6	9.1	9.1
	163.4	164.5	299.6	311.9
	COSTAS AMÚCHTA	COSTAS	COSTAS AMÚCHTA	COSTAS
Coinnithe go haibíocht				
Urrúis féich/urrúis ar ús seasta	541.5	549.5	436.7	446.7
	704.9	714.0	736.3	758.6

11. Féichiúnaithe Eile

	NOLL-2009 €m	NOLL-2008 €m
Cáin chorparáide	5.9	5.9
Faoiseamh/Tobhach cánach bainteach le haois	133.3	–
Féichiúnaithe eile	0.8	0.7
	140.0	6.6

12. Sócmhainní Inláimhsithe

	MÓTAR- FHEITHICLÍ €m	FEARAI, TROSCÁN & FEISTEAS €m	TREALAMH RÍOMHAIREACHTA/ OIFIGE & BOGÁBHAR €m	IOMLÁN €m
Costas				
Ag 1 Eanáir 2009	2.2	8.0	99.2	109.4
Breiseanna	0.3	0.6	2.4	3.3
Diúscairtí	(0.4)	–	(13.5)	(13.9)
Ag 31 Nollaig 2009	2.1	8.6	88.1	98.8
Dímheas				
Ag 1 Eanáir 2009	(1.4)	(6.6)	(54.7)	(62.7)
Muirear don tréimhse airgeadais	(0.5)	(0.8)	(13.1)	(14.4)
Díchurtha maidir le diúscairtí	0.4	–	13.4	13.8
Ag 31 Nollaig 2009	(1.5)	(7.4)	(54.4)	(63.3)
Glanluach leabhair ag 31 Nollaig 2009	0.6	1.2	33.7	35.5
Glanluach leabhair ag 31 Nollaig 2008	0.8	1.4	44.5	46.7

13. Sócmhainn Chánach Iarchurtha

Tá sócmhainn aitheanta maidir le cánachas iarchurtha do na difríochtaí uainiúcháin seo a leanas:

	NOLL-2009 €m	NOLL-2008 €m
Caillteanas/(gnóthachan) neamhréadaithe ar luacháil infheistíochta	(0.2)	1.5
Caillteanais trádála tugtha ar aghaidh	6.2	–
Difríochtaí uainiúcháin eile	2.3	0.3
Sócmhainn chánach iarchurtha iomlán	8.3	1.8

Nótaí do na Cuntais [ar lean]

14. Costais Éadála larchurtha

Léirítear costais éadála mar speansais de réir mar a thuilltear na préimheanna lena mbaineann siad.

Baineann an méid €9.1m a sholáthraíodh ag 31 Nollaig 2009 (Nollaig 2008: €9.0m) leis na costais a tabhaíodh i gcaitheamh na bliana airgeadais atá inchurtha go díreach i leith gnó nua a ghnóthú. Aithnítear na costais éadála eile go léir mar speansais nuair a thabhaítear iad.

15. Creidiúnaithe agus Fabhruithe Eile

	NOLL-2009 €m	NOLL-2008 €m
Faoiseamh/Tobhach cánach bainteach le haois	140.3	–
ÍMAT agus ÁSPC	1.2	1.3
Creidiúnaithe eile	1.0	3.2
Fabhruithe	10.8	15.5
	153.3	20.0

16. Sochair Scoir

Feidhmíonn an Bord scéim pinsean um shochair sainithe. Coimeádtar sócmhainní na scéime i gciste ar leith faoi riaradh iontaobhaí. I dteannta le teidlíochtaí pinsin, soláthraíonn an Bord sochair do phinsinéirí áirithe chomh maith i leith clúdaigh árachais sláinte. Cinneann achtúire cáilithe neamhspleách na costais agus dliteanais sochair scoir, ag baint úsáide as an modh aonaid creidmheasa réamh-mheasta de mhaoiniú. Tugtar maoiniú inmheánach don scéim pinsean. Ba ionann na ranníocaíochtaí na scéime don 12 mhí go dtí Nollaig 2009 agus €7.0m (10 mí go Nollaig 2008: €4.5m) agus tá siad bunaithe anois ar 16.5% de phá inphinsin.

Tá na luachanna a úsáidtear sa nochtadh seo bunaithe ar na luachálacha achtúireacha is déanaí, a rinneadh ar 31 Nollaig 2008 agus a nuashonraíodh ar 31 Nollaig 2009. Tá na méideanna curtha go hiomlán isteach sna cuntais de réir riachtanas FRS 17: 'Sochair Scoir'.

Tá na tuarascálacha achtúireacha ar fáil le scrúdú do bhaill na scéime agus níl siad ar fáil don phobal i gcoitinne le scrúdú.

Is iad na mór-thoimhdí a úsáidtear maidir leis an scéim pinsean ná:

	NOLL-2009 %	NOLL-2008 %
Ráta méadaithe i dtuarastail	3.75	3.75
Ráta méadaithe i bpinsin á n-foc	2.00	3.00
Ráta lascaine	5.75	5.75
Toimhde boiscithe	2.25	2.00

16. Sochair Scoir [ar lean]

Is iad na rátaí toraidh ionchais fadtéarmacha ag deireadh na tréimhse airgeadais ná:

	NOLL-2009 %	NOLL-2008 %
Gnáthscaireanna	8.1	8.5
Ús seasta	3.2	3.8
Maoin	7.1	7.5
Eile	6.1	2.5

Meán-ionchas saoil ualaithe do tháblaí mortlaíochta a úsáidtear chun oibleagáidí sochair a chinneadh ag:

	NOLL-2009	NOLL-2008
Ball 65 bliain d'aois (ionchas saoil reatha)	21.6	20.7
Ball 40 bliain d'aois (ionchas saoil ag aois 65)	22.2	21.8

Ba iad na sócmhainní sa scéim phinsean ag luach margaidh ná:

	NOLL-2009 €m	NOLL-2008 €m
Gnáthscaireanna	68.0	51.5
Ús seasta	20.9	16.4
Maoin	3.0	4.8
Eile	10.6	6.4
Luach margaidh iomlán na sócmhainní	102.5	79.1
Luach reatha na ndlíteanas scéime	(128.5)	(120.2)
Easnamh sa scéim	(26.0)	(41.1)
Soláthar préimhe árachais sláinte neamhchistithe	(17.9)	(15.7)
Easnamh glan na sochar scoir	(43.9)	(56.8)
Sócmhainn chánach iarchurtha gaolmhar	5.5	7.1
Dlíteanas glan na sochar scoir	(38.4)	(49.7)
Cúlchistí		
Cúlchistí ag eisiamh dlíteanais na sochar scoir	344.9	387.6
Dlíteanas na sochar scoir	(38.4)	(49.7)
Cúlchistí tar éis dlíteanas na sochar scoir a chur san áireamh	306.5	337.9

Nótaí do na Cuntais [ar lean]

16. Sochair Scoir [ar lean]

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Gearrtha ar ghlanchoistais oibriúcháin		
Costas seirbhíse reatha	(2.8)	(3.9)
Costas báis sa tseirbhís	(0.2)	(0.2)
Sochair scoir eile	(0.8)	(0.7)
	(3.8)	(4.8)
Ús i ndlíteanais scéime	(8.0)	(6.9)
Toradh ionchais ar shócmhainní scéime	5.8	6.3
Glanathrú ar an toradh oibriúcháin	(6.0)	(5.4)

Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta Iomlána

	NOLL-2009	NOLL-2008
Toradh iarbhír lúide toradh ionchais ar shócmhainní scéime	9.6	(47.3)
Gnóthachain agus caillteanais ó thaithí ar dhlíteanais scéime	5.6	(8.9)
Athrúithe ar thoimhdí déimeagrafacha agus airgeadais	(3.3)	33.7
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach	11.9	(22.5)
Cáin iarchurtha	(1.6)	2.9
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán	10.3	(19.6)

Gluaiseacht san Easnamh Glan I Rith na Tréimhse Airgeadais

	NOLL-2009	NOLL-2008
Easnamh glan sa scéim ag tús na bliana	(49.7)	(29.3)
Costas seirbhíse reatha	(2.8)	(3.9)
Costas báis sa tseirbhís	(0.2)	(0.2)
Ranníocaíochtaí	7.0	4.5
Ús ar dhlíteanais scéime	(8.0)	(6.9)
Toradh ionchais ar shócmhainní scéime	5.8	6.3
Gnóthachan/(Caillteanas) achtúireach	11.9	(22.5)
Sochair scoir eile	(0.8)	(0.7)
Cáin iarchurtha	(1.6)	3.0
Easnamh glan ag deireadh na tréimhse airgeadais	(38.4)	(49.7)

16. Sochair scoir [ar lean]

Stair na nGnóthachan agus na gCaillteanas ó Thaithí

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009	10 MÍ GO NOLL-2008	BLIAIN DAR CRÍOCH FEABH-2008	BLIAIN DAR CRÍOCH FEABH-2007	BLIAIN DAR CRÍOCH FEABH-2006
Difríocht idir an toradh ionchais agus an toradh iarbhair ar shócmhainní	9.6	(47.3)	(14.3)	3.5	13.9
% de shócmhainní scéime	9%	(60%)	(12%)	3%	14%
Gnóthachain agus caillteanas ó thaithí ar dhliteanas scéime	5.6	(8.9)	(2.5)	(4.7)	(11.6)
% de dhliteanas scéime	4%	(7%)	(2%)	(3%)	(9%)
Gnóthachan/(caillteanas) achtúireach iomlán	10.3	(19.6)	3.1	1.2	(3.3)
% de dhliteanas scéime	8%	(16%)	2%	1%	(3%)

17. Réiteach an Fharasbairr/(Easnamh) Oibriúcháin chuig an nGlan-Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Easnamh ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas	(48.2)	(73.9)
Muirir Dímhéasa	14.3	8.7
Sochair scoir	(1.0)	0.9
Caillteanas/(gnóthachain) neamhréadaithe ar infheistíochtaí	(1.0)	28.9
Méadú/(laghdú) ar sholáthairtí teicniúla um árachas sláinte	22.5	(123.3)
(Méadú)/laghdú ár fhéichiúnaithe ó bhaill ag éirí as oibríochtaí árachais	(28.9)	118.7
Méadú ar fhéichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí	(136.5)	(0.2)
Méadú/(laghdú) ar chreidiúnaithe agus fabhrúithe	133.2	(10.0)
Glan eis-sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	(45.6)	(50.2)

Nótaí do na Cuntais [ar lean]

18. Gluaiseacht in Oscailt agus Dúnadh Infheistíochtaí Punainne

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Glan eis-sreabhadh airgid don tréimhse	(4.3)	(11.9)
Infheistíochtaí punainne	(44.7)	(57.8)
Gluaiseachtaí ag éirí as sreafaí airgid	(49.0)	(69.7)
Athruithe ar luachanna margaidh	13.3	(25.1)
Gluaiseacht iomlán sa phunann	(35.7)	(94.8)
Infheistíochtaí punainne agus airgead ar láimh ag tús na tréimhse	722.7	817.5
Infheistíochtaí punainne agus airgead ar láimh ag deireadh na tréimhse	687.0	722.7

19. Gluaiseacht in Infheistíochtaí Airgid agus Punainne

	AG 1 Eanáir 2009 €m	SREABHADH AIRGID €m	ATHRUITHE AR LUACH MARGAIDH €m	AG 31 Nollaig 2009 €m
Airgead sa bhanc agus ar láimh	(13.6)	(4.3)	0.0	(17.9)
Scaireanna agus urrúis toraidh athraithe eile	152.1	(128.4)	13.3	37.0
Urrúis féich agus urrúis ar ús seasta eile coinnithe le haghaidh trádála	136.8	(39.1)	(1.8)	95.9
Urrúis féich agus urrúis ar ús seasta eile coinnithe go haibíocht	436.7	102.7	2.1	541.5
Infheistíochtaí eile	1.6	0.6	(0.3)	1.9
Taiscí le hinstiúidí creidmheasa	9.1	19.5	0.0	28.6
	722.7	(49.0)	13.3	687.0

20. Anailís ar Shreafaí Airgid le haghaidh Ceannteidil Arna Ríomh sa Ráiteas Sreabhadh Airgid

	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m
Infheistíochtaí punainne		
Ceannach scaireanna agus urrús toraidh athraithe eile	–	114.3
Ceannach urrús féich/urrús ar ús seasta	1,242.7	659.1
Ceannach infheistíochtaí eile	0.6	1.4
Ceannach taiscí le hinstiúidí creidmheasa	1,250.9	830.4
Díol urrús agus urrús toraidh athraithe eile	(163.9)	(176.9)
Díol urrús féich/urrús ar ús seasta	(1,143.6)	(633.1)
Díol taiscí le hinstiúidí creidmheasa	(1,231.4)	(853.0)
Eis-sreabhadh glan ar infheistíochtaí punainne	(44.7)	(57.8)

21. Ceangaltais Chaipitil

Ní raibh aon cheangaltas caipitil suntasacha ann ag deireadh na bliana airgeadais.

22. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara

Cosúil le mórán aonán eile, déileálann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh i ngnáthchúrsaí gnó le comhlachtaí eile atá urraithe ag an Rialtas faoi chomhúinéireacht an Aire Sláinte agus Leanaí, a bhfuil ról aici i gceapadh na gComhaltaí Boird.

Leasa na gComhaltaí Boird agus an Rúnaí

Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Comhaltaí Boird sa Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh nó ina fhochuideachta ag aon am i rith na bliana.

Nótaí do na Cuntais [ar lean]

23. Íoc Pras Cuntas

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997 (arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (íocaíocht déanach in idirbhearta tráchtála), 2002).

Rinne an tAcht thuasluaite rialú ar na híocaíochtaí a rinneadh i rith na bliana 2009 chun íocaíochtaí déanacha in idirbhearta tráchtála a chomhrac. Baineann an tAcht seo le hearraí agus seirbhísí a chuireann soláthraithe atá bunaithe san Eoraip ar fáil don Bhord Árachais Sláinte Shaorálaigh.

Ráiteas na gCleachtas Íocaíochta Lena n-Áirítear Tréimhsí Íocaíochta Caighdeánacha

Cuireann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh beartas i bhfeidhm ina n-íoctar sonraisc gan cheistiú uile na soláthraithe laistigh de théarmaí comhaontaithe na híocaíochta. Is ionann na téarmaí caighdeánacha atá sainithe san ordú ceannaigh caighdeánach agus 30 lá. D'fhéadfadh téarmaí íocaíochta eile a bheith i bhfeidhm i gcásanna ina gcomhaontaítear conradh ar leith leis an soláthraí.

Comhlíonadh na Treorach

Comhlíonann an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh riachtanais na reachtaíochta maidir le híocaíochtaí soláthraí uile. Tá mionathrú déanta ar nósanna imeachta agus córais, lena n-áirítear córais ríomhairithe, chun an Treoir a chomhlíonadh. D'fheidhmigh na nósanna imeachta go maith i rith na bliana.

Cinntíonn na nósanna imeachta seo dearbhú réasúnta ach ní iomlán in aghaidh neamhchomhlíonta.

24. Fo-ghnóthais agus Gnóthais Ghaolmhara

Is é an Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh an t-aonán rialúcháin bunaidh agus feidhmíonn sé mar Vhi um Chúram Sláinte.

Bhunaigh Vhi um Chúram Sláinte fochuideachta, Vhi Occupational Health Ltd, le héifeacht ó Dheireadh Fómhair 2008. Tá an chuideachta seo atá cláraithe in Éirinn suite i dTeach Vhi, Sráid na Mainistreach Íochtarach, Baile Átha Cliath 1. Tá an chuideachta faoi úinéireacht 100% an Bhoird Árachais Sláinte Shaorálaigh. Is é nádúr na n-oibríochtaí sa bhfochuideachta seo ná Seirbhísí Sláinte Saothair a sholáthar.

Chuir Vhi um Chúram Sláinte fochuideachta ar bun freisin, Vhi HomeCare Ltd, le héifeacht ó Nollaig 2009. Tá an chuideachta seo atá cláraithe in Éirinn suite ag 8, Ionad Gnó an Úlloird, Campas Gnó Iarthar na Cathrach, Baile Átha Cliath 24. Is leis an mBord Árachais Sláinte Shaorálaigh 50% den chuideachta. Is é nádúr na n-oibríochtaí sa chuideachta seo ná Seirbhísí Inisilte Baile agus seirbhísí gaolmhara a sholáthar. Ní dhearna sí trádáil roimh 31 Nollaig 2010, ach thosaigh gníomhaíochtaí i mí Feabhra 2010.

Tá comhfhiontar ag Vhi um Chúram Sláinte le Centric Health chun ceithre mhionchlinic um ghortú a fheidhmiú faoin ainm Vhi Swiftcare.

25. Riachtanas Ceadúnais Árachóra Údaraithe

Tá iarratas déanta ag an Aire Sláinte agus Leanaí go mbeadh Vhi um Chúram Sláinte in ann iarratas a dhéanamh ar cheadúnas mar árachóir údaraithe ar an Rialtóir Airgeadais faoin 1 Eanáir 2012. Cuireann an Rialtóir Airgeadais roinnt tástálacha i ngníomh agus é ag déanamh measúnaithe ar an iarratas, lena n-áirítear, inter alia,

- a) leorgacht an leibhéil sócmhainneachta reatha
- b) leorgacht an staid sócmhainneachta mheántéarmach bunaithe ar chás doirbh, chomh maith le réadúil agus soirbh, 5 bliana.

Tá seasamh Vhi um Chúram Sláinte i leith an chorrlaigh shócmhainneachta riachtanach ag 31 Nollaig 2009 léirithe i mír na dTorthaí agus Graif Chomparáideacha.

Ní mór do Vhi um Chúram Sláinte a bheith caipitlithe go suntasach chun an Rialtóir Airgeadais a shásamh i gcás nach gcuirtear scéim um Chothromú Riosca cuimsitheach buan in áit an bhirt eatramhaigh (tagair do nóta 3).

Tá leibhéal sócmhainneachta de 22.3% ag Vhi um Chúram Sláinte faoi láthair. Éilíonn an Rialtóir Airgeadais leibhéal sócmhainneachta de 40%. D'fhonn na riachtanais seo a chomhlíonadh, caithfear bearta a ghlacadh chun an suíomh sócmhainneachta riachtanach a bhaint amach faoin dáta dlite, rud a éileoidh caipiteal breise agus/nó bearta eile cosúil le hathárachas agus fofhiach.

Torthaí Comparáideacha

Torthaí Comparáideacha

	MAR A ATHLUADH				
	BLIAIN DAR CRÍOCH FEABH-2006 €m	BLIAIN DAR CRÍOCH FEABH-2007 €m	BLIAIN DAR CRÍOCH FEABH-2008 €m	10 MÍ GO NOLL-2008 €m	BLIAIN DAR CRÍOCH NOLL-2009 €m
Préimh thuillte	919.6	1,020.1	1,153.0	1,025.4	1,313.6
Éilimh thabhairthe	(890.6)	(930.7)	(1,005.0)	(958.9)	(1,339.0)
Creidmheas cánach aoise lúide Tobhach	–	–	–	–	29.8
Cúlchiste rioscaí neamhéagtha	(1.3)	40.7	64.9	(13.1)	13.1
Bunchostais oibriúcháin	(69.9)	(74.0)	(81.8)	(77.5)	(84.7)
Táirgí coimhdeacha na gcostas oibriúcháin	(7.5)	(9.3)	(9.6)	(7.2)	(7.7)
Toradh ar infheistíocht	18.6	27.8	16.3	(42.5)	26.7
Muirear/(creidmheas) cánach	(0.1)	(5.1)	(18.2)	8.8	6.5
(Easnamh)/farrasbarr don tréimhse	(31.2)	69.5	119.6	(65.0)	(41.7)
Cóimheas (easnaimh)/ farrasbairr/loncaim	(3.4%)	6.8%	10.4%	(6.3%)	(3.2%)
Cúlchistí	229.1	299.8	422.5	337.9	306.5
Sócmhainneacht reachtúil íosta	175.9	196.1	214.6	224.6	255.3

Cóimheasa Airgeadais

	%	%	%	%	%
Leibhéal an chorrlaigh sócmhainneachta	24.1	27.9	35.9	27.7	22.3
Éilimh (URR & faoiseamh cánach aoise san áireamh) mar % de phréimh thuillte	97.0	87.2	81.5	94.8	98.7
Costais oibriúcháin mar % de phréimh thuillte – Árachas Sláinte	7.7	7.4	7.2	7.6	6.4

Ríomhtar sócmhainneacht íosta mar atá léirithe thuas de réir fhorálacha Rialachán Neamhshaoil an AE 1976, (arna leasú), rud nach bhfuil sé de dhualgas ar Vhi um Chúram Sláinte a chomhlíonadh i láthair na huaire.

Beidh riachtanais sócmhainneachta nua i bhfeidhm do Ghnóthais Árachais nuair a thabharfar isteach Treoir Sócmhainneachta nua an AE, ar a dtugtar ‘Solvency II’. Tá an Treoir fós á forbairt agus níltear ag súil go dtabharfar chun críche í agus go dtiocfaidh sí i bhfeidhm go dtí 2012 ar a luaithe.



Gailearaí na nImeachtaí 2009



1 Cumann Ailse na hÉireann – Mí Feasachta na hAilse Cíche

Chuimsigh feachtas Mí Feasachta na hAilse Cíche 2009 de chuid Cumann Ailse na hÉireann, i gcomhar le Vhi um Chúram Sláinte, feachtas fógraíochta sa raidió náisiúnta agus réigiúnach, sa phreas agus lasmuigh a mhair ar feadh míosa, chomh maith le deireadh seachtaine d'fhógraíocht teilifíse. Ag an seoladh, ó chlér go deas, bhí Valerie Duignan, an Dr Bernadette Carr, Stiúrthóir Míochaine, Vhi um Chúram Sláinte, Klara Droog, Evie Fitzgibbon agus láithreoir teilifíse, Eileen Dunne.

2 Cumann Ailse na hÉireann – Lá Caite na nÉadaí Bán-dearg

D'iarr Vhi um Chúram Sláinte agus Cumann Ailse na hÉireann ar ghnóthaí mórthimpeall na hÉireann é a bheith de mhísneach acu bándearg a chaitheamh ar an Aoine 23 Deireadh Fómhair 2009. Iarradh ar ghnóthaí a bpáirt a ghlacadh trí fheasacht a mhúscailt agus cistí a thiomsú d'fheachtas Action Breast Cancer trí an dath bándearg a chaitheamh san ionad oibre ar an Aoine 23 Deireadh Fómhair. Chabhraigh Grainne McCormack, Forbairt Ghnó agus Tony McSweeney, Stiúrthóir ar Ghnó Aonair agus Corparáideach, Vhi um Chúram Sláinte chun an lá a sheoladh.



3 Scagthástáil Diaibéitis Vhi

I mí Dheireadh Fómhair 2009, d'fhógair Vhi um Chúram Sláinte na torthaí ó mhórstaidéar scagthástála trialach ar Dhiaibéiteas do chustaiméirí Vhi a léirigh go raibh beagnach beirt as gach triúr a ndearnadh tástáil orthu, i mbaol Diaibéiteas Cineál II a fhorbairt. I láthair ag an bhfógra bhí an Dr Bernadette Carr, Stiúrthóir Míochaine, Vhi um Chúram Sláinte le Dermot Lee agus Terry Carter, iad beirt a ndiagnósíodh le Diaibéiteas mar chuid den chlár scagthástála.

4 Vhi DeCare Dental

Rinneadh Suirbhé na Síoga Fiacla, suirbhé de bhaill Vhi DeCare Dental in am do Mhí Sláinte na bhFiacla, a rinne tuairisciú ar cé chomh réamhghníomhach agus a bhí tuismitheoirí maidir le cúram fiacla a gcuid leanaí. Ghlac Cian Kelly ó Cheatharlach páirt sa ghairm ghrianghraf ag fógairt torthaí de chuid Suirbhé na Síoga Fiacla.





5



7



6



8

5 Aonad Imscrúdaithe Speisialta

D'iarr Vhi um Chúram Sláinte ar chustaiméirí a gcuid ráiteas sochair a sheiceáil le haghaidh cruinnis i ndiaidh éilimh. Seo iad Jack O'Malley, Aoife O'Donovan agus Michael O'Donovan ag an seoladh ag spreagadh custaiméirí chun teagmháil a dhéanamh leis an Aonad Imscrúdaithe Speisialta chun aon chásanna amhrasta d'earráidí billeála soláthraí nó táillí ró-ard a thuairisciú.

6 Campa Cúl CLG Vhi

D'fhreastal níos mó ná 82,500 leanbh ar Champaí Cúl CLG Vhi i rith an tsamhraidh i mbeagnach gach cumann CLG. Spreagann an tionscnamh leanaí bunscoile idir 7-13 bliain d'aois chun scileanna a fhoghlaim agus a fhorbairt leis an mbéim ar ghníomhaíochtaí spraoi agus neartú foirniúlachta. Ghlac fiche cumann CLG thar lear páirt i mbliana, le campaí sna Stáit Aontaithe, i gCeanada agus sa Ríocht Aontaithe. Imreoir Chill Mhantáin, John McGrath, ag meantóireacht Shelley Carr Colbert agus Billie Byrne ag Campa Cúl CLG Vhi i Ráth Naoi i mí Lúnasa 2009.

7 Campa Cúl CLG Vhi

Paul Brady, Seaimpín Liathróide Láimhe an Domhain, ag cur oiliúint ar Abbey Fee faoi mar a bhreathnaíonn a deartháir Tony ar a bhfuil ag tarlú ag Campa Cúl CLG Vhi, sa Chabhán.

8 Turas Lae Cúl CLG Vhi i bPáirc an Chrócaigh

Bhí níos mó ná 288 leanbh ó mórthimpeall na tíre in ann a n-aislingí a bhaint amach agus traenáil a dhéanamh agus cluiche a imirt i staid iomráiteach Pháirc an Chrócaigh mar chuid de Thuras Lae Cúl CLG Vhi. Taispeántar Cian Murphy, ó Lissivigeen, Cill Airne, Co. Chiarraí ag fáil a bhonn le hAmbasadóirí Champaí Cúl CLG Vhi, peileadóir Bhaile Átha Cliath Ross McConnell, ar chlé, agus peileadóir an Chabháin Nicholas Walsh.

